Déanann Aonad na nImeachtaí an Chomhairle a chur chun cinn sa phobal i gcoitinne. Tagann a lán grúpaí pobail/deonacha chuig an gComhairle ag lorg comhairle/cúnaimh chun imeachtaí a reáchtáil. Ag eascairt ó ócáid Thóirse na nOilimpeacha bronnadh an gradam "Infheisteoir in Imeachtaí" ar an gComhairle ag Gradaim Imeachtaí an Tionscail don infheistiú leanúnach in Imeachtaí mar mheán chun cuspóirí gnó a bhaint amach.

Tá foireann oilte againn ag obair agus ag idirchaidreamh le ranna éagsúla laistigh den Chomhairle agus le grúpaí pobail, grúpaí deonacha agus comhlachtaí reachtúla chun a chinntiú go dtarlaíonn na himeachtaí.

Ar bhonn corparáideach bhí ionchur/ról ag Comhairle Contae Fhine Gall i mbreis is 400 imeacht a bhí ar siúl i bhFine Gall in 2014.
Seo thíos roinnt de na himeachtaí sin:













- Lá Fhéile Pádraig
- Flavours of Fingal- Seó Contae
- Féile Cheoil Bhriseadh an Earraigh Bhaile Bhlainséir
- Féile Chloicheáin Bhá Bhaile Átha Cliath i mBinn Éadair
- Rás Bóthair 10K Fhine Gall
- Giro d'Italia



- Rás Eachtraíochta Fhine Gall i bPáirc San Caitríona, Baile Átha Cliath 15
- Comóradh Bhriain Boroimhe 1014 i Sord
- Peil Cathaoireach Cumhachta
- Féile Peile Fhine Gall




- Cluiche Idirnáisiúnta Cruicéid, Mullach Íde
- Flavours of Fingal
- Snagcheol an Fhómhair (Baile Brigín)
- Ag Lasadh na Soilse Nollag i Sord/Baile Brigín



*Soilse Nollag Shoird*

*Soilse Nollag Bhaile Brigín*

## AN GRÚPA COMHAIRLEACH SÁBHÁILTEACHTA

Bunaíodh an Grúpa Comhairleach Sábháilteachta ag deireadh 2011 agus seo a leanas an obair a bhíonn ar bun ag an ngrúpa sin:

- Comhairle agus tacaíocht a sholáthar maidir le sábháilteacht i sluaite (go háirithe do ghrúpaí pobail/deonacha)
- Moltaí a dhéanamh maidir le sábháilteacht phoiblí ag imeachtaí
- A chur ina luí ar eagraithe imeachtaí plé leis an ngrúpa comhairleach sábháilteachta
- Acmhainní oideachais, treoracha agus eolas faoi dhea-chleachtas níos sábháilte a chura r fáil chun imeachtaí móra níos taitneamhaí a reáchtáil

Lean aonad na n-imeachtaí ar twitter@EVENTSinFingal

# AN OIFIG CUMARSÁIDE

Tá an Oifig Cumarsáide freagrach as déileáil le fiosruithe ó na meáin áitiúla agus náisiúnta, as fógraíocht, as an dialann láimhe chorparáideach, as an suíomh gréasáin agus as maoirseacht a dhéanamh ar chumarsáid chorparáideach thar ceann Chomhairle Contae Fhine Gall. Cuireann an tAonad seo comhairle ar fáil don fhoireann maidir le freagracht Chomhairle Contae Fhine Gall mar chomhlacht poiblí faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla.

Sa bhliain 2014 d'eisigh an Fhoireann Chumarsáide preaseisiúintí, agus dhéileáil le foláirimh nuachta, le fiosruithe ó na meáin áitiúla agus náisiúnta agus le fiosruithe ar Twitter agus Facebook. Táirgeadh 5 nuachtlitir Foirne (The Raven) agus dháil an nuachtlitir ar Fhoireann uile na Comhairle.

Forbraíodh úsáid na gcuntas corparáideach meáin shóisialta chun feabhas a chur ar chumarsáid ón gcomhairle go háirithe ag amanna a bhfuil mórchur isteach nó dálaí drochaimsire i.e. cur isteach ar sholáthar uisce nó tuilte.

Mar chuid de Phlean Móréigeandála na Comhairle bíonn an fhoireann Cumarsáide ag comhlíonadh an róil acu mar Oifigigh Idirchaidrimh Meáin d'oiliúint agus cleachtaí thar ceann Chomhairle Contae Fhine Gall i gcás go dtarlódh éigeandáil fhógartha agus de réir an Chreata Náisiúnta chuige sin.

Bíonn an Fhoireann Chumarsáide i mbun bainistiú agus athbhreithniú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm Bhranda Fhine Gall.

Déanann an Fhoireann Chumarsáide straitéis agus plean gnímh Inmheánach Cumarsáide na Comhairle a chur i bhfeidhm. Mar chuid den obair sin déantar eolas a roinnt le foireann ar thrí cinn déag de Scáileáin Faisnéise Inmheánacha Foirne sna ceaintíní agus sna seomraí sosa ar fud na Comhairle, trí theachtaireacht laethúil ríomhphoist, trí nuashonrúcháin sa Phobal Comms Chat agus in Fingal Connections agus trí sheisiúin faisnéise leis an bhfoireann.

### Scéim Teanga Údaráis Áitiúla Fhine Gall

Ullmhaíodh dara scéim teanga Chomhairle Contae Fhine Gall don tréimhse 2015 go 2018 de réir Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 agus cheadaigh an tAire é ag deireadh 2014. Beidh feidhm ag an 2ra Scéim ó mhí Feabhra 2015.

Le linn 2014 dhéileáil an Oifig Chumarsáide le fiosruithe agus d'fhreagair an oifig fiosruithe ón gCoimisinéir Teanga.

# COMHPHÁIRTÍOCHT DON LÁTHAIR OIBRE

Bhí an Chomhpháirtíocht don Láthair Oibre i mbun na dtionscadal agus na dtionscnamh seo a leanas le linn 2014.

- Reáchtáladh an 4ú Searmanas Cuimhneacháin d'Fhoireann Fhine Gall a fuair bás.

- Eagraíodh agus bainistíodh imeachtaí chun cuidiú ardú meanma a thabhairt don fhoireann, a d'áirigh ionadaíocht a bheith ag Comhairle Contae Fhine Gall i bParáid Shord do Lá Fhéile Pádraig, féilire a dhearadh agus a phriontáil inar léiríodh ár bhfoireann ag obair agus a chuidigh íomhá dhearfach a chothú faoi Chomhairle Contae Fhine gall trí fhógraíocht a dhéanamh ar an tsárobair a dhéanann ár bhFoireann.

- Eagraíocht Seachtain Sláinte & Sábháilteachta a chuimsigh siúlóid urraithe chun airgead a bhailiú le mionbhus a cheannach le haghaidh "Abhainn" aonad áitiúil i Sord atá ina chuid den charthanacht St. Michaels House. D'eagraigh Seastáin Chorparáideacha Folláine agus Seiceálacha Sláinte don fhoireann. D'eagraigh comórtais agus cóisir le haghaidh leanaí freisin.

- Eagraíodh agus forbraíodh cúrsaí chun oiliúint a sholáthar do na baill foirne a bhíonn ag obair lasmuigh chun a ngairmeacha a chur chun cinn agus chun cuidiú leo poist le tuarastal níos fearr a fháil sa chomhairle.

- Eagraíodh agus Comhordaíodh Clár Idirbhliana do Chomhairle Contae Fhine Gall. Reáchtáladh dhá thionscadal seachtaine in 2014.

- Cuireadh tacaíocht ar fáil agus éascaíodh obair na nGrúpaí Comhpháirtíochta ar an Láthair Oibre.

- Tacaíodh le táirgeadh leanúnach na nuachtlitreach foirne "The Raven".

Chomh maith leis sin, d'éascaigh an Coiste Grúpaí Oibre agus Foghrúpaí agus thacaigh leo sna gníomhaíochtaí seo a leanas sa bhliain 2014:

- Méala ar an Láthair Oibre
- Sláinte agus Sábháilteacht
- Ardú Meanma i measc na Foirne
- Comhionannas
- Breisoideachas

# Roinn na nAiltirí

Sholáthair Rannóg na nAiltirí seirbhísí i réimsí amhail dearadh ailtireachta, caomhnú, dearadh uirbeach agus soláthar foirgnimh agus suirbhéireacht chainníochta do gach rannóg den Chomhairle le linn 2014. Lean pátrún na hoibre ag athrú le bliain anuas; le béim arís á chur ar sholáthar tithíochta nua sóisialta agus iarrachtaí leanúnacha úsáid níos fearr a bhaint as ár stoc reatha tithíochta, de réir pholasaí an rialtais; obair ar fhoirgnimh phoiblí agus phobail; agus obair ar bhonn seirbhísí comhroinnte le haghaidh roinnt údarás áitiúil.


## TIONSCADAIL

## FOIRGNIMH CHATHARTHA

### Halla an Chontae

Cuireadh i gcrích roinnt tionscadal tógála chun tacú le croíluachanna agus cuspóirí i bPlean Corparáideach na Comhairle:

1. Athdhearadh Sheomra na Comhairle chun go mbeadh spás ann do na Comhairleoirí breise atá ann mar thoradh ar athruithe san Acht Rialtais Áitiúil agus ar na toghcháin áitiúla in 2014. Mar chuid den obair sin d'ardaigh líon na gComhairleoirí ó 24 go 40, atheagraíodh na suíocháin don Phreas agus na suíocháin oifigiúla agus atheagraíodh na saoráidí nua cumarsáide agus teilgeoireachta. Cuireadh an obair seo i gcrích in am agus de réir buiséid i mí na Samhna 2014.
2. Suiteáladh saoráidí nua san Oifig Fiontar Áitiúil ar an gcéad urlár.
3. Suiteáladh oifig Turasóireachta Fhine Gall ar urlár na Talún san Atriam.
4. Reáchtáladh comhairliúchán leis na bhfoireann agus le cuairteoirí i mí an Mheithimh 2014 maidir leis na deiseanna atá ann feabhas a chur ar úsáid, dearadh agus compord an bhealaigh isteach san Atriam.
5. Éascaíodh athfhorbairt saoráidí oifige agus oiliúna le haghaidh INTREO i Halla an Chontae agus i bhfoirgneamh Mainscourt.



*Seomra nua na Comhairle i Halla an Chontae*

**Caisleán Shoird**
Tá cuspóirí fadtéarmacha straitéiseacha forbartha ag an gComhairle maidir le limistéar Shoird agus Chaisleán Shoird. Aithnítear leis an cuspóirí seo go bhfuil gá féachaint le treo nua a roghnú don chuid seo de Shord agus béim a leagan ar lárionad nua sóisialta agus cultúrtha a dhéanamh de Chaisleán Shoird agus é sin nasctha le croílár an bhaile.

Chuige sin cuireadh tús le roinnt tionscadal in 2014.

- Oibreacha Cobhsaíochta agus Tochailte Theach an Gheata i gCaisleán Shoird (Eanáir 2014 go dtí lár 2014)
- Seoladh Phlean Caomhantais Chaisleán Shoird (Meán Fómhair 2014)
- Máistirphlean Cheatrú Chultúrtha Chaisleán Shoird
- Grúpa Oibre Chaisleán Shoird agus Grúpa Stiúrtha Chaiselán Shoird

**Suíomhanna Scoile – Tionscadail Phíolótacha – Saoráidí feabhsaithe d'úsáid sa Phobal**
Lean an roinn leis an idirchaidreamh leis an Roinn Fóillíochta agus Conláistí chun fadhbanna iarchríochnaithe a chur i gcrích agus idirchaidreamh maidir le 2 shaoráid nua ag Coláiste Pobail Ard Giolláin, Bhaile Brigín agus Coláiste Pobail Bhaile Lotrail, Baile Átha Cliath 15.

**Caisleán Mhullach Íde**
Rinne an Roinn maoirseacht ar uasghrádú sábháilteachta dóiteáin sna seomraí codlata ar an dara hurlár den chaisleán agus feistíodh na seomraí sa stíl sheanré agus cuireadh i

gcrích soilsiú seachtrach ar na tailte agus sa charrchlós. Críochnaíodh athchóiriú Theach Stíobhaird; agus tugadh cuireadh chun tairisceana don obair ar Lóiste an Gheata Thuaidh-Thoir.

**Leabharlann Dhomhnach Bat/Phort Reachrann**

Cuireadh i gcrích an tionscadal feistithe seo, de réir sceidil i mí Feabhra 2014. Bronnadh an gradam "Feistiú na Bliana" le haghaidh tionscadail bheaga earnála poiblí ar an gComhairle as an jab seo.

**Teachín Devine, Lusca**

Fuair an Roinn tairiscintí Cuid XI chun athchóiriú a dhéanamh ar an teach seo agus síneadh a chur leis ionas go bhféadfaí é a úsáid mar shaoráid phobail; agus cuireadh i gcrích céim 1 in 2014.

**Iostaí**

Lean an Roinn ar aghaidh ag obair leis an Roinn Oibríochtaí chun comhdhlúthú agus atheagrú a dhéanamh ar iosta seirbhísí na Comhairle sa Chúil Mhín.

**Ionad Spóirt Dhraighneáin**

Leanadh leis an dearadh sonrach le linn 2014 agus tugadh cuireadh chun tairisceana faoin tionscadal i mí na Samhna.

**Caisleán Ard Giolláin**

Tugadh cuireadh chun tairisceana le haghaidh suirbhé tomhaiste iomlán agus tuarascáil faoi chaoi an chaisleáin; agus tugadh cuireadh chun tairisceana d'iniúchóireacht sábháilteachta dóiteáin agus fuarthas é sin in 2014. Cuireadh tús le tionscadal d'athchóiriú an tí mhóir ghloine sa rósgháirdín.

**Reilig Bhaile Ghrífín**

Cuireadh tús leis an obair dhearaidh ar an tionscadal seo in 2014, ag féachaint le toiliú Chuid XI a fháil agus cuireadh chun tairisceana don tionscadal a thabhairt in 2015.

**Diméin an Droichid Nua**

Rinneadh forbairt dearaidh ar athordú na saoráidí do chuairteoirí ag Teach agus Feirm an Droichid Nua agus atheagraíodh an siopa bronntanas agus na seomraí tae. Lorgófar cead pleanála Cuid XI le haghaidh na n-oibreacha seo in 2015.

**Bothán Faisnéise Turasóireachta Bhinn Éadair**

Osclaíodh an bothán seo don phobal i mí Iúil 2014.

**Teach Bád Loch Sionnaigh**
Cuireadh i gcrích tionscadal d’athchóiriú agus d’fheistiú an struchtúir stairiúil seo in 2014 le go n-úsáidfeadh an tseirbhís gardaí tarrthála é agus le go bhféadfaí é a úsáid freisin mar stiúideo Ealaíontóra.

**Muillte na Sceirí**
Cuireadh tús le tionscadal do sholáthar spáis nua taibhíochta in 2014.

## TITHÍOCHT

Lean Roinn na nAiltirí ag tairiscint seirbhísí gairmiúla don Rannóg Tithíochta le linn 2014.

**Scéimeanna Nua Tógála**

D'oibrigh an Roinn ar dhearadh agus soláthar trí cinn de scéimeanna tithíochta sa Chontae in 2014:

1. Scéim 14-theach ag Bóthar na Ceapaí, Baile Átha Cliath 11;
2. Scéim de 14 áit chónaithe ag Plásóg na Glaise Móire, Sord;
3. Teach aonair ag Ascaill Chrónáin, Sord.

Chuir an Roinn i gcrích, le linn 2014, forbairt scéimeanna ó choincheap bunaidh go glacadh le tairiscintí. Cuireadh tús leis an obair ar Phlásóg na Glaise Móire ar an suíomh i mí na Nollag. Cuirfear tús leis an obair ar an dá láthair eile go luath sa bhliain 2015. Cuireadh tús le hobair féidearthachta suímh ar roinnt suíomhanna eile ar fud an Chontae, agus é mar rún na suíomhanna sin a fhorbairt (isteach is amach le 200 áit chónaithe) mar chuid de Chlár Tithíochta 2015.

Chuir an Roinn comhairle agus cúnamh ar fáil maidir le dhá scéim tithíochta: scéim 9 dteach i mBaile an Ridire le Cumann Tithíochta an Tuaiscirt agus an Oirthir; agus scéim 9 dteach, le síneadh ar scéim San Benedict i Mullach Íde, do Chumann Naomh Uinseann de Pól. Tá sé beartaithe tús a chur leis an obair ar an suíomh ar an scéimeanna seo in 2015.

Dearadh agus tugadh cuireadh chun tairisceana le haghaidh scéim shuntasach athchóirithe don láithreán stad ag Páirc na Maighne le linn 2014.

**Scéim Leasúcháin Piríte**

Rinne Roinn na nAiltirí measúnú ar an obair leasacháin piríte ba ghá ag Páirc na Coirre Duibhe; agus thug cuireadh chun tairisceana le haghaidh seacht dteach. Leanfar den obair leasacháin sna tithe líonta talún seo de réir mar a bheidh siad ar fáil chun iad a dheisiú.

**Cigireachtaí**

Leanadh ag soláthar comhairle agus ag déanamh cigireachtaí le haghaidh ceannacháin tí de réir mar a d'iarr an Roinn Tithíochta.

**Athruithe agus sínte tí agus oibreacha beaga -**

Cuireadh i gcrích 18 gcith nua inrochtana, 7 n-ardaitheoir staighre nua agus ceann amháin nua, agus cuireadh i gcrích 5 rampa sheachtracha. Cuireadh i gcrích síneadh amháin a sainoiriúnaíodh ar an suíomh i mbliana, agus tá tógáil tosaithe ar 6 cinn eile. Ullmhaíodh an cháipéisíocht tairisceana le haghaidh 7 gcinn de shínte eile.

## Cothabháil Tithíochta

Ceann de na hathruithe is suntasaí sa chothabháil tithíochta ag an gcomhairle ná gur dúnadh síos Iosta Tithíochta Lána an Uisce i mí Aibreáin 2014; agus bronnadh an conradh le haghaidh cothabháil tithíochta i limistéar Thuaidh an Chontae ar chonraitheoir príobháideach.

Lean an Roinn ag bainistiú agus ag cothabháil stoc na Comhairle de 4,476 áras cónaithe de chuid na comhairle agus 92 aonad ar Léas Fadtéarmach; agus freastalaíodh ar bhreis is 10,554 iarratas ar dheisiúcháin (lena n-áirítear iarratais le haghaidh Aonaid Chóiríochta don Lucht Siúil), chomh maith le cothabháil agus deisiúchán sceidealaithe seachtrach ar 668 áras cónaithe; agus cothabháil teasa i mbreis is 4000 áras cónaithe. Deisíodh 212 theach fholmha sular cuireadh amach ar cíos arís iad in 2014 (Sin méadú de 21% ar 2013).

## Oibreacha Éifeachtúlachta Fuinnimh

Rinne Roinn na nAiltírí, i gcomhar leis an Roinn Tithíochta, oibreacha insliúcháin seachtracha ar 24 áras cónaithe agus árasán in 12 aonad.





*Rindreáil sheachtracha insliúcháin ag Árasáin ar Shráid Bhaile Átha Cliath*

I gcomhar le Airtricity Ltd. cuireadh i gcrích clár athsholáthair coirí i 69 dteach in dhá eastát i mBaile Bhlainséir & Sord.

I gcomhpháirt Bord Na Mona thugamar faoi chlár athsholáthair fuinneog agus coirí ar 12 theach do Ghrúpa Tithíochta an Lucht Siúil.

Cuireadh i gcrích clár fairsing athsholáthar Fuinneog agus Doirse i mbreis is 200 áras cónaithe áitrithe i mBaile Bhlainséir agus i dTuaisceart Bhaile Átha Cliath. Bhronn an Roinn Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil breis is €1,200,000 ar an gcomhairle le haghaidh na n-oibreacha seo.

Cuireadh i gcrích uasghrádú ar chuasáin agus ar insliú dín i 108 dteach lena n-áirítear insliú snáithín mheáite a asbhaint.

Mar thoradh ar an obair a rinne an Chomhairle chun cur le tíosacht fuinnimh in 2014 rinneadh coigiltis de 2.8 Gigeavata/Uair don bhliain 2014.

## SEIRBHÍSÍ SAINCHOMHAIRLEOIREACHTA

Lean Roinn na nAiltirí ag soláthar seirbhísí sainchomhairleoireachta ailtireachta don fhorbairt dearaidh le haghaidh oibreacha rochtana agus deisiúchán i gCaisleán Bhaile Átha Fhirdia le haghaidh Chomhairle Contae Lú.



Tugadh cuireadh chun tairisceana le haghaidh scéim 14 theach, agus an chéad chéim ag tosú le hathnuachan Pháirc Aisling le haghaidh Chomhairle Contae Lú, an obair sin le tosú i mí Eanáir 2015.

### Ionad na nGasóg i bPort Mearnóg

Chuir Roinn na nAiltirí seirbhísí riaracháin iarthairisceana agus iarchonartha ar fáil don fhoirgneamh nua seo le haghaidh Ghasóga Phort Mearnóg. Beidh an foirgneamh i gcrích go luath in 2015.

### Leabharlann Bhaile Dúill

Rinne an Roinn seilfeanna agus spás staidéir do dhaoine óga a dhearadh, a fháil agus a chur isteach sa leabharlann.

*Ionad staidéir Leabharlann Bhaile Dúill*

## SUIRBHÉIREACHT CHAINNÍOCHTA, PLEANÁIL CHOSTAIS AGUS RIALÚ COSTAIS

Chuir an rannóg Suirbhéireachta Cainníochta raon iomlán de chomhairle faoi chostais agus seirbhísí rialaithe ar fáil do Roinn na nAiltirí le linn 2014, lena n-áirítear pleanáil chostais, soláthar tógála, riarachán conartha, etc., ag baint le tionscadail Ranna éagsúla sa Chomhairle. D'áirigh an raon oibre tithíocht nua, tithe a chur ar cíos arís, cothabháil tithíochta, uasghrádú ar éifeachtacht fuinnimh tithíochta, tionscadail tógála pobail agus phoiblí, de réir mar atá leagtha amach cheana sa tuarascáil seo. Chomh maith leis sin, faoi threoir comhroinnte acmhainní an Rialtais rinne an Rannóg Suirbhéireachta Cainníochta agus an Roinn oibreacha le haghaidh údaráis áitiúla eile a raibh seirbhísí comhionanna ag teastáil uathu.

## CAOMHNÚ

Déanann an Oifig Caomhnúcháin, atá ina cuid de Roinn na nAiltirí, maoirseacht ar thionscadail agus cuireann comhairle agus tuarascálacha ar fáil a bhaineann le cúrsaí ailtireachta oidhreachta.

### Scéim Giarála Post na Timpeallachta Tógtha 2014

Rinne an tOifigeach Caomhantais riar, cigireacht agus leithdháileadh ar mhaoiniú arna sholáthar d'Fhine Gall faoi Scéim Giarála Post na Timpeallachta Tógtha 2014 de chuid na Roinne Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta. Faoin scéim seo rinneadh deisiú agus caomhnú ar Struchtúir agus ar fhoirgnimh chosanta laistigh de Limistéir Chaomhantais Ailtireachta a chuireann le saincharachtar an limistéir. Is é €127,061 an maoiniú a leithdháileadh ar 11 thionscadal.



*Samplaí den obair arna maoiniú faoi Scéim Giarála Post na Timpeallachta Tógtha*

### Scéim Oiliúna Tógála Foirgneamh Traidisiúnta 2014

Thug an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta cuireadh do Chomhairle Contae Fhine Gall páirt a ghlacadh i dtionscadal píolótach chun tacair scileanna a fhorbairt agus a fheabhsú ar scileanna iad a bhaineann le caomhnú na hoidhreachta tógtha. Forbraíodh scéim oiliúna maidir le siúinéireacht stairiúil agus bhí Ailtirí, Oibreoirí agus Ranna

Acmhainní Daonna Chomhairle Contae Fhine Gall páirt i bhforbairt na gclár oiliúna sin, chomh maith le Scoil na gCeirdeanna, Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, Sráid Bolton. Cuimsíodh sa chlár sin ranganna teoirice maidir le siúinéireacht stairiúil agus ceardlanna praiticiúla. Ghlac siúinéirí páirt sa chlár ó Fhoireann Tógála na Roinne Oibríochtaí. Ba é cuspóir na hoiliúna sin ná cur lena n-eolas agus lena scileanna ionas go mbeidís in ann an teach gloine stairiúil adhmaid i nDiméin Ard Giolláin a dheisiú. Cuireadh tús leis an obair sin in 2015. Ghlac mic léinn agus foireann ITBÁC páirt i gcuid den chúrsa freisin.





**Athbhreithniú ar Thaifead na Struchtúr atá faoi Chosaint**
Cuireadh tús le mórathbhreithniú ar Thaifead na Struchtúr atá faoi Chosaint in 2014 chun iniúchadh a dhéanamh ar mhíreanna a cuireadh leis an taifead, a baineadh den taifead agus ar leasuithe a rinneadh air. San athbhreithniú déanfar iniúchadh ar bhreis is 1,200 struchtúr.

**Pleanáil & Bonneagar Straitéiseach**
Chuir an tOifigeach Caomhantais tuairisc ar fáil maidir le comhaid iarratais phleanála, lena n-áirítear tionscadail bonneagair straitéisigh, comhairliúchán réamhphleanála, fiosruithe i ndáil le forbairt neamhúdaraithe, agus cur i gcontúirt iniúchta agus/nó faillí maidir le struchtúir atá faoi chosaint. Scríobhadh tuarascálacha nó cuireadh tuairimí ó bhéal ar fáil maidir le 151 chomhad pleanála agus géilliúlachta agus d'fhreastail ar chruinnithe míosúla Pleanála Comhad. Chomh maith leis sin, dhéileáil an tOifigeach Caomhantais le roinnt mhaith seisiún comhairliúchán réamhphleanála agus thug cuairt ar shuíomhanna, agus d'fhreagair ríomhphoist agus glaonna gutháin freisin mar chuid den réamhphleanáil. Rinneadh iniúchadh ar chásanna agus ar fhiosruithe maidir le forbairt neamhúdaraithe, cur i gcontúirt agus/nó faillí ar Struchtúir faoi Chosaint. Chomh maith leis sin, cuireadh comhairle faoi chaomhantas ailtireachta ar fáil i gcás tionscadail bonneagair straitéisigh dála raon rothar beartaithe, bealaí bus beartaithe agus scéimeanna comharthaíochta beartaithe.

**Turasóireacht & Cumarsáid**
Trí mheán an Oifigigh Caomhantais, chuidigh Roinn na nAiltirí sa dréachtú ar straitéisí agus polasaithe turasóireachta agus comórtha Chomhairle Contae Fhine Gall. Is ball de Grúpa

Stiúrtha Tuarasóireachta agus Imeachtaí é/í an tOifigeach Caomhantais agus ghlac an tOifigeach sin páirt sa chomhairliúchán a reáchtáladh maidir le Straitéis Turasóireachta Fhine Gall atá idir lámha. Bhí an tOifigeach Caomhantais ina bhall freisin den Ghrúpa Comórtha a d'eagraigh imeacht 1014 Shoird agus tá ina bhall den Ghrúpa Oibre Comórtha a bunaíodh chun breithniú a dhéanamh ar imeachtaí eile a d'fhéadfaí a reáchtáil sna deich mbliana amach romhainn.

## PLEANÁIL AGUS DEARADH UIRBEACH

**Staidéir Fearainn Phoiblí**
Rinne an Roinn tuilleadh staidéir maidir leis an bhfearann poiblí i Mullach Íde, agus d'áirigh sin obair ar leabhrán maidir le dath agus péint a chur ar fhoirgnimh; agus staidéar agus togra don Phlásóg.

**Tuarascálacha Ailtireachta maidir le hIarrtais Phleanála -**
Tá an Roinn tar éis tuarascálacha a scríobh maidir le hábhar ailtireachta i ndáil le hiarratais phleanála d'fhorbairtí suntasacha príobháideacha atá beartaithe ag an gComhairle agus ghlac páirt sna cruinnithe réamhphleanála ar iarratas ón Roinn Pleanála.

## SEIRBHÍSÍ EILE

Chomh maith leis na nithe thuasluaite, chuir an Roinn comhairle ar fáil, maille le seirbhísí soláthair nó bainistíochta; dhéileáil le ceist na piríte; phróiseáil iarratais ceadanna slí; agus phróiseáil iarratais ar mhionathruithe a dhéanamh ar thithe a tháinig ó thionóntaí. Lean an Roinn ag soláthar seirbhísí cigireachta foirgnimh agus tuarascálacha maidir leosan lasmuigh d'uaireanta oibre, de réir mar ba ghá, in 2014.

Chomh maith leis sin, ghlac an Roinn páirt sa Ghrúpa Bonneagair Ghlais; sa Ghrúpa um Brandáil agus Comharthaíocht; sa Ghrúpa Athbhreithnithe Comhad Pleanála; agus ar Phainéal Piríte Fhine Gall.

Chomh maith leis sin, ghlac an Roinn ballraíocht ar fhoghrúpa an ghrúpa stiúrtha um an gCóras Bainistithe Rialaithe Foirgníochta ag déileáil le hiarratais a bhain le rialacháin nua rialaithe foirgníochta san earnáil stáit.

# An Roinn Tithíochta

## SOLÁTHAR TITHÍOCHTA

Áirítear sa soláthar tithíochta sóisialta Scéim Léasála Fadtéarmaí agus an Scéim Cóiríochta ar Cíos. Chuige sin fuarthas 722 áras cónaithe faoi SCC go dtí seo, 54 in 2014 chomh maith le 92 áras cónaithe fadtéarmach, 17 in 2014.

Chomh maith leis sin, d'imigh an Chomhairle i gcomhaontuithe chun 30 aonad tithíochta a cheannach le haghaidh tithíocht shóisialta in 2014.

## TITHÍCOHT INACMHAINNE NÁR DÍOLADH

Lean an Chomhairle ag baint leasa as an bhforáil i gCiorclán AHS1 2009 a thugann cead aonaid inacmhainne nár díoladh a chur ar cíos le comhlachtaí deonacha tithíochta, agus faoi láthair tá 272 díobhsan áitrithe ag teaghlaigh a bhí ar liosta tithíochta na Comhairle.

## DEONTAIS MIONATHRUITHE TITHÍOCHTA DO DHAOINE SCOTHAOSTA AGUS DO DHAOINE FAOI MHÍCHUMAS

Faomhadh 179 ndeontas phríobháideacha dar luach €2,025,999.

## STOC TITHÍOCHTA

**Ar Cíos**

An 31 Nollaig 2014 bhí 4,491 áras cónaithe sóisialta agus 92 áras cónaithe fadtéarmach léasála ag an gComhairle ina stoc tithíochta. An t-ioncam a fuair an Chomhairle ón gcíos orthusan ná €13,852,015.79. Anuas air sin, bhí 84 aonad breise sa stoc tithíochta don Lucht Siúil agus c. 96 bhá ar Láithreán Stad le hioncam cíosa de €189,059.90.

**Iasachtaí**

An 31 Nollaig 2014, fuarthas íocaíochtaí morgáiste ó 1,700 morgáiste beo dar luach €11,152,524.

## BAINISTIÚ EASTÁT

Tabhaíodh €5.3m d'ioncam caiteachais mar thoradh ar chothabháil ghinearálta Stoc Tithíochta na Comhairle agus caitheadh €1.1m breise i ndáil le cothabháil a dhéanamh ar Aonaid Chóiríochta don Lucht Siúil.

Rinneadh athbhreithniú ar 10,554 iarratas freagartha cothabhála le linn 2014.

De bhreis air sin bhí 3,979 gcoire mar chuid de Chlár Seirbhísithe Coirí na Comhairle.

Reáchtáladh 11 gCúrsa Ionduchtaithe Tionónta chun cuidiú le tionontaí socrú isteach ina dtithe agus a bpobail nua.

D'fhreastail an Rannóg Bainistíochta Eastát ar 33 chruinniú de Chumainn Áitritheoirí. Reáchtáladh cruinnithe leis An Garda Síochána 10 n-uaire, ag baint le cúrsaí Póilíneachta Pobail agus Bainistithe Eastát.

Rinneadh 719 líomhain a bhain le hIompraíocht Fhrithshóisialta agus as tionóntacht a shárú le linn 2014.

Faoi láthair tá 7 n-ordú eisiaimh ann i ndáil le daoine frithshóisialta ó thionóntachtaí agus aisghabháladh seilbh ghlan ar 4 cinn de thionóntachtaí frithshóisialta.

Cuireadh i gcrích Oibreacha Feabhsúcháin Eastát i bPáirc Thobar Muire, Ascaill Dhroim Fraoigh, Fortlawn, An Teampall Bán, Domville chun déileáil le fadhbanna le lánaí agus chun Iompraíocht Fhrithshóisialta a mhaolú i gceantair ina bhfuil a lán Iompraíochta Frithshóisialta.

Bhí obair chothabhála gairdín agus bainte féir ar bun i 455 áitreabh (seanóirí agus tionontaí leochaileacha) faoin gclár bainte féir.

Tabhaíodh caiteachas caipitil de €6m ar chlár pleanáilte cothabhála agus rinneadh feabhsúcháin eile de réir mar atá sonraithe thíos.

Cuireadh i gcrích deisiúcháin in 212 áitreabh sular cuireadh iad ar cíos arís le maoiniú deontais ó RCORA le haghaidh 163 de na háitribh sin ar chostas €1,938,780. Laghdaíodh an líon áitreabh gan áitiú faoi 70% in 2014 mar thoradh ar Fheabhsúcháin leanúnacha Próisis Ghnó.

Rinneadh suiteáil ar Theas Lárnach agus oibreacha uasghrádaithe eile i 55 áitreabh.

Rinneadh péinteáil agus oibreacha siúinéireachta i 624 áitreabh faoin gclár cioglach cothabhála.

Rinneadh athsholáthar ar fhuinneoga agus ar dhoirse nuair ba ghá i 193 áitreabh le tionontaí agus ar 20 Aonad Cóiríochta don Lucht Siúil faoin gclár athsholáthair fuinneog agus doirse.

**Clár Éifeachtachta Fuinnimh**
Faoin gClár Uasghrádaithe Fabraice Foirgneamh, rinneadh uasghrádú ar insliú ballaí i 146 áitreabh le tionontaí.

Rinneadh oibreacha inslithe seachtracha i 38 n-áitreabh i gcásanna inar tógadh iad ar bhealach a chiallaigh nach raibh cuas na mballaí oiriúnach le hinsliú a chur ann.

Cuireadh i gcrích uasghrádú ar chóras teasa lárnaigh i 69 n-áitreabh tionóntaithe i gcás go raibh na córais teasa ag teacht i dtreo dheireadh a saolré; le páirtmhaoiniú ó SEAI.

## LEITHDHÁILTÍ

San iomlán leithdháileadh 366 áitreabh in 2014 ar iarratasóirí a bhí tar éis cur isteach ar Thacaíocht Tithíochta Sóisialta ó Chomhairle Contae Fhine Gall, mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| • Sóisialta Ócáideach | 163 |
| • Ceannacháin | 45 |
| • RAS | 62 |
| • Léas Fadtéarmach | 17 |
| • Forais Tithíochta Fhormheasta | 79 |
| | 366 |

## CÓIRÍOCHT DON LUCHT SIÚIL

De réir Chomhaireamh Bliantúil 2014 na dTeaghlach Lucht Siúil bhí 456 theaghlach ina gcónaí sa Chontae

D'fhaomh an Chomhairle Clár Cóiríochta don Lucht Siúil 2014 – 2018 i mí Eanáir 2014.

Rinneadh athchóiriú ar 4 Ghrúptheach agus ar 6 bhá.

Rinneadh uasghrádú ar fhuinneoga agus doirse i 20 Grúptheach

Chomh maith leis sin, chuir Comhairle Contae Fhine Gall 42 aonad cóiríochta ar fáil don Lucht Siúil in 2014.

| Táscaire | 2014 | 2013 | 2012 |
|---|---|---|---|
| **H: Tithíocht** | | | |
| **H.1 Folúntais Tithíochta** | | | |
| Líon iomlán na n-áitreabh i stoc an údaráis áitiúil | 4,491 | 4,482 | 4,478 |
| % foriomlán na n-áitreabh atá ar cíos | 98.53% | 96.9% | 96.74% |
| % foriomlán na n-áitreabh atá folamh | 1.47% | 3.1% | 3.26% |
| % na n-áitreabh folamh atá faoi réir scéimeanna móra athchóiriúcháin | 4.5% | n/a | n/a |
| % na n-áitreabh folamh nach bhfuil ar fáil le cur ar cíos | 95.5% | 83.5% | 82.2% |
| % na n-áitreabh folamh atá ar fáil le cur ar cíos | 4.5% | 16.5% | 17.8% |
| | | | |
| **T.2 Meántréimhse chun áitribh a athchur ar cíos atá ar fáil le cur ar cíos** | 17 days | 23 days | 35 days |
| | | | |
| **T.3 Líon na ndeisiúchán curtha i gcrích mar chéatadán den líon iarratas bailí deisiúcháin a fuarthas** | 95% | 91% | 96% |
| | | | |
| **T.4 Meántréimhse a ghlac sé iarratasóirí a chur ar an eolas faoi chinneadh an údaráis áitiúil maidir le hiarratas ar:** | | | |
| Scéim tithíochta úinéireachta roinnte | n/a | n/a | n/a |
| Scéim Iasachta Tithíochta | 54 days | 56 days | 81 days |
| Tithíocht an údaráis áitiúil | 30 days | 30 days | 30 days |
| | | | |
| **T.5 Tithíocht don Lucht Siúil** | | | |
| Líon iomlán na dteaghlach ón lucht siúil ar tugadh cóiríocht dóibh mar chéatadán de spriocghrúpa | 106% | 31% | 40% |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Ion: Bailiú Ioncaim** | | | |
| **Ion.1 Cíos ó Thithe** | | | |
| (a) Méid bailithe ag deireadh bliana mar chéatadán den méid dlite: | 88.97% | 87.81% | 87.28% |
| (b) Céatadán riaráistí | | | |
| - 4 – 6 seachtaine d'aois | 6.15% | 5.28% | 5.12% |
| - 6 – 12 sheachtain d'aois | 13.44% | 14.59% | 13.91% |
| - Níos mó ná 12 sheachtain d'aois | 72.05% | 75.45% | 75.34% |

| **Ion.2 Iasachtaí Tithíochta** | | | |
|---|---|---|---|
| (a) Méid bailithe ag deireadh bliana mar chéatadán den méid dlite: | 86.73% | 88.45% | 90.65% |
| (b) Céatadán riaráistí: | | | |
| - 1 mhí d'aois | 4.61% | 5.44% | 6.46% |
| - 2 – 3 mhí d'aois | 2.53% | 3.43% | 4.94% |
| - Níos mó ná 3 mhí d'aois | 92.86% | 91.13% | |

# An Rannóg Pobail, Cultúir & Spóirt

Tá gníomhaíochtaí agus cláir oibríochtúla na nOifigí Pobail, Spóirt agus Ealaíon atá sonraithe thíos, nasctha go dlúth lena chéile sa mhéid go n-aithnítear go bhfuil gach ceann bainteach go sonrach le forbairt pobail.

## AN OIFIG FORBARTHA POBAIL

D'oibrigh Oifigigh an Rannáin Forbartha Pobail ar roinnt clár éagsúil agus thacaigh le raon eagraíochtaí pobail le linn 2014. Chuir foireann pháirce seirbhís chuimsitheach tacaíochta agus chomhairleach ar fáil d'fhorais dheonacha phobalbhunaithe – foireann a oibríonn go dlúth lena chéile agus a théann i ngleic le riachtanais na ngrúpaí. Bhí páirt ag na 5 aonad san Oifig Pobail i soláthar roinnt clár agus gníomhaíochtaí sa bhliain 2014. D'oibrigh na hAonaid seo le 90 grúpa tosaíochta ar bhonn míosúil.

### Saoráidí Pobail

Tá ról lárnach ag an aonad seo i dtacú le forbairt na struchtúr bainistíochta áitiúil agus oibríochtúil a dhéanann maoirseacht ar fheidhmiú laethúil na Saoráidí Neamhspleácha Pobail agus na Saoráidí Comhroinnte Pobail. In 2014 thacaíomar le cur i gcrích na Saoráide Óige agus Pobail i Ros Eo. Chomh maith leis sin, chuir na hOifigigh Phobail tacaíocht Bainistíochta Cáilíochta ar fáil faoi Chlár Iniúchóireachta KPI chomh maith le tacaí Forbartha Pobail agus Úsáide Pobail faoin gclár First Steps. Bhain dhá cheann dár saoráidí, Ionad Pobail Dhomhnach Bat agus Phort Reachrann agus Campas Pobail Radharc an Chnocáin agus Fortlawn na caighdeáin is airde amach faoi Scéim Dámhachtainí Bainistíochta Cáilíochta EIQA.

Lean an fhoireann sna Saoráidí Pobail neamhspleácha ag obair i gcomhar leis na hOifigigh Phobail chun an clár First Steps agus an Clár Bainistithe Cáilíochta a chur ar fáil in 2014. Cuireann Oifigigh pobail tacaíocht ar fáil agus cuidíonn le coistí bainistíochta deonacha na nIonad Pobail a róil a chomhlíonadh go héifeachtach. Cuireann siad eolas, meantóireacht, comhairle agus samplaí den dea-chleachtas ar fáil i ndisciplíní éagsúla. D'oibrigh na hAonaid le gach saoráid phobail chun leas a bhaint as maoiniú cúnaimh bainistíochta na Comhairle.

### Forbairt agus Rannpháirtíocht Pobail

Is é príomhfhócas na hoibre Forbartha Pobail tacú le pobail agus grúpaí deonacha athrú éifeachtach a bhaint amach i bhFine Gall agus comhrac i gcoinne an eisiaimh shóisialta ina bpobail féin. In 2014, chuir na hAonaid tacaí ar fáil - mar shampla oiliúint, eolas agus seirbhísí meantóireachta do bhreis is 120 grúpa deonach agus pobail. Sholáthraigh nó choimisiúnaigh na hAonaid 84 chlár Oideachais Pobail ar ghlac 714 dhuine páirt iontu sna réimsí seo a leanas: scileanna coiste, ionduchtú do thionóntaí nua, Frist Steps, Béarla bunúsach, bia folláin agus garraíodóireacht cistine.

In 2014 de réir mar a bhí Clár Contae Pobail Fhine Gall á fhorbairt, chuathas i dteagmháil le breis is 1,600 grúpa pobail, deimhníodh a sonraí agus rinneadh iad a nuashonrú ar an gcóras.

Ghlac an Oifig Pobail ceannaireacht ar fhorbairt agus ar sholáthar Gréasán Rannpháirtíochta Fhine Gall, Gréasán Pobail Fhine Gall. Faoi láthair tá 280 ball sa ghréasán agus meastar go n-ardóidh an líon sin go suntasach in 2015.



In 2014 d'oibríomar le Gréasáin Eitneacha, Seanóirí, Míchumais agus Comhshaoil. Cuidíodh leis na gréasáin sin pleananna gnímh a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm don bhliain.

### Maoiniú

Cuireadh €96,056.60 de mhaoiniú ar fáil d'Eagraíochtaí Pobail agus Deonacha in 2014 faoin gClár Gníomhaíochtaí agus Tionscadal Samhraidh.

In 2014, measadh gur ghlac breis is 4,000 duine óg páirt i dTionscadail Mhaoinithe Samhraidh.

Cuireadh cúnamh airgeadais de €335,000 ar fáil do 19 Saoráid mar Mhaoiniú Cúnaimh Bainistíochta.

Leithdháil an Roinn Iompair, Turasóireachta & Spóirt deontas de €172,752 ar Chomhairle Contae Fhine Gall faoina Chlár Caipitil Spóirt i ndáil leis an Ionad Pobail in Ongar. Cuireadh an t-airgead sin ar fáil chun obair a dhéanamh ar an dromchla saorga, tuilsoilsiú, trealamh agus sconsaí ar an bPáirc Imeartha Uile-Aimsire in Ongar agus tharraing Comhairle Contae Fhine Gall anuas €108,363 le linn 2014. Tá obair idir lámha ar an éileamh deireanach tar éis chur i gcrích an chláir.

Aoischairdiúil

I mí Mheán Fómhair 2011, shínigh Comhairle Contae Fhine Gall agus Bord Forbartha Contae Fhine Gall Dearbhú Bhaile Átha Cliath maidir le Contaetha agus Pobail a Thacaíonn le Daoine Breacaosta – Tionscnamh de chuid na hEagraíochtaí Sláinte Domhanda (WHO). Bhí Fine Gall ar an gcéad Údarás Áitiúil i Réigiún Bhaile Átha Cliath le bheith ina limistéar a Thacaíonn le Daoine Breacaosta sa Tír. Mar chuid den phróiseas, chuathas i gcomhar le daoine breacaosta sa chontae chun a fháil amach cad iad na nithe ar cúis imní iad dóibh, nó na nithe suntasacha ina dtuairim. I mí an Mheithimh 2012, forbraíodh Straitéis a Thacaíonn le Daoine Breacaosta agus sheol an tAire Sláinte James Reilly T.D. an straitéis sin. Ó shin i leith cuireadh roinnt beart i gcrích sa chontae, iad seo a leanas san áireamh:

- Lean an Oifig Forbartha Pobail, in 2014, ag tacú le Tionscnamh Fhine Gall a Thacaíonn le Daoine Breacaosta trí thionscnaimh a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm, mar shampla  An Náisiún a Dhigitiú, Cláir Sláinte agus Folláine, agus an Clár Stretch and Relax.
- In 2014, thug Ospidéal Beaumont agus Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath faoi Chlár Institiúidí agus Pobail Aoisbhá le tacaíocht ó Chomhaontas Aoisbhá Fhine Gall. Tá daoine Breacaosta i bhFine Gall tar éis a gcuid tacaíochta a thabhairt don dá eagraíocht trí pháirt a ghlacadh i Suirbhéanna agus Seisiúin Comhairliúcháin. Cuirfear aiseolas ó na seisiúin sin san áireamh i bpleananna Gnímh Aoisbhá a chuirfidh an tAerfort agus an tOspidéal ar fáil.
- Bhí Fóram Seanóirí Fhine Gall an-ghníomhach le linn na tréimhse seo. Chun dul i ngleic le saincheisteanna eisiaimh shóisialta agus aonraithe, reáchtáladh Damhsaí Tae agus Seimineáir Eolais agus thacaigh le bunú na ngrúpaí Mens's Sheds. Chomh maith leis sin, bhí na baill seo i measc na gcéad saoránach a chuir a gcúiseanna imní in iúl do Irish Water agus don Choimisinéir um Chosaint Sonraí agus bhí siad cíocrach leanúint leis an obair sin in 2015.



## AN OIFIG SPÓIRT

Bhí an Oifig Spóirt páirteach i roinnt clár spóirt agus gníomhaíochta fisicí i rith na bliana agus d'oibrigh go dlúth, agus i gcomhar, leis an Oifig Pobail agus Ranna eile na Comhairle.

Tá an Oifig Spóirt, atá ina cuid de ghréasáin Áitiúla Spóirt, ina cuid de Chomhairle Spóirt na hÉireann. Chuir an oifig 826 chlár ar fáil do bhreis is 61,000 rannpháirtí, ag obair le 580 club, eagraíocht agus scoil. Seo a leanas roinnt de na buaicphointí:

**An Clár um Chleachtadh Spóirt (Sportscon)**

Is éard is Sportscon ann modúl speisialaithe traenála do leanaí de gach aois agus gach cumas. An aidhm atá leis ná feabhas a chur ar bhunscileanna na leanaí trí chleachtadh, spraoi agus cluichí. Cuidíonn sé sin muinín agus féinmheas a chothú sna leanaí. Cosúil le cláir spóirt eile an cuspóir atá leis difríocht fhadtéarmach a dhéanamh, trí mhúinteoirí agus oibrithe deonacha a oiliúint i soláthar an chláir Sports Con ionas go mbeidh siadsan in ann an clár a sholáthar ar bhonn leanúnach amach anseo. Le linn 2014, cuireadh an clár ar fáil i 25 bhunscoil do 4,108 ndalta. Anuas air sin, ghlac 205 mhúinteoir ó 16 scoil páirt i gceardlann speisialaithe oiliúna. Ghlac 57 ngrúpa pobail páirt sa chlár mar ar cuireadh oiliúint ar fáil do 186 oibrí dheonacha agus bhall foirne. Anuas air sin, cuireadh oiliúint ar 49 gcúramóir bhreise riachtanas speisialta maidir le Sports Con a theagasc.

**Fíricí Spóirt**

Is clár spóirt agus oideachais Fíricí Spóirt ina mbaintear leas as Sports Con mar bhonn le gach seisiún gníomhaíochta maille le modúil ranga ina n-úsáidtear tráth na gceist agus comórtais dírithe ar leanaí bunscoil. Trí mheán na ngníomhaíochtaí sin cuirtear ina luí ar na leanaí go bhfuil an iliomad sochar le baint as ghníomhaíocht fhisiceach agus stíl shláintiúil mhaireachtála. Cuireadh an clár ar fáil i 31 bhunscoil agus ghlac breis is 4,000 leanbh agus 130 múinteoir páirt sa chlár.



Chomh maith leis sin, d'oibríomar i gcomhar le Roinn na Leabharlann chun tráth na gCeist 'Big Sports' a reáchtáil. Reáchtáladh an clár píolótach seo in dhá bhunscoil i mBaile Brigín agus spreagadh rannpháirtíocht sa spórt trí mheán Fíricí Spóirt agus Sports Con, agus spreagadh na leanaí le bheith ag léamh chomh maith mar chuid den chlár. Ag deireadh an chláir reáchtáladh tráth na gceist ar ghlac 90 leanbh páirt ann. Bhronn an Méara agus an Príomhfheidhmeannach trófaí ar an dá scoil agus bonn ar gach leanbh.

**Spóirt Scoile & Spóirt don Aos Óg**

Le linn 2014, d'eagraigh an Oifig gníomhaíochtaí éagsúla spóirt.

Ina measc comórtas sacair agus rugbaí leaiste, comórtais cruicéid, imeachtaí lúthchleasaíochta bunscoile agus roinnt blitzchomórtas spóirt scoile. Chomh maith leis sin, thugamar isteach lúthchleasaíocht in iar-bhunscoileanna – mar shampla caitheamh na sleá agus caitheamh meáchain. Gníomhaíocht eile a reáchtáladh, dírithe orthusan nach nglacann páirt i spóirt foirne go hiondúil ná SNAG (Starting New At Golf) a tugadh isteach i scoileanna chun deis a thabhairt do dhaltaí páirt a ghlacadh i ngalf trí úsáid a bhaint as trealamh daite atá éasca le húsáid.



Bhí Sacar oíche ar siúl, a reáchtáladh i gcomhpháirt le FAI agus leis an nGarda Pobail Áitiúil. D'fhreastail na himeachtaí seo ar 746 dhuine óg in aghaidh na seachtaine, i sé ionad. Bíonn an clár ar siúl idir 9 – 11pm ar oíche Aoine agus tugtar an deis do dhaoine óga (buachaillí & cailíní) páirt a ghlacadh i gcaithimh aimsire dhearfacha.

Reáchtáladh clár spóirt mar bhealach chun cuidiú le daltaí bunscoile an t-aistriú a dhéanamh chuig an iar-bhunscolaíocht. Bhí sé seo ar siúl i naoi scoil agus ghlac 667 ndalta bunscoile páirt ann chomh maith le 30 dalta iar-bhunscoile, a bhí ag feidhmiú mar mheantóirí agus cóitseálaithe le haghaidh na leanaí óga.

**Clár Oiliúna Cóitseálaithe**
Reáchtáil an Oifig roinnt cúrsaí lena n-áirítear Cód Eitice (cosaint leanaí), Oifigeach Leanaí, Scileanna Éigeandála (céadchabhair) agus thacaigh le raon cúrsaí na bhForas Rialaithe Náisiúnta/Oideachais Moltóirí agus oiliúint chun scileanna nua a fhorbairt d'oibrithe deonacha. Réachtáileamar Seimineár Spóirt le haghaidh Múinteoirí Iar-bhunscoile i gcomhar le Comhairlí Contae agus Cathrach Bhaile Átha Cliath, Bhaile Átha Cliath Theas, Dún-Laoghaire/Ráth an Dúin, Chill Dara agus Chill Mhantáin.

**Cúrsa Folláine agus Oiliúna Peile Fhine Gall**
I gcomhar le FAI (Cumann Peile na hÉireann) agus le Comhpháirtíocht Limistéir Bhaile Bhlainséir chuireamar an cúrsa seo ar fáil, mar a n-úsáidtear spórt agus folláine mar bhealach chun cuidiú le daoine dífhostaithe fostaíocht a lorg agus tabhairt faoin mbreisoideachas.

**Cláir Ghníomhaíochta**
I measc na ngníomhaíochtaí a reáchtáil an Oifig le linn 2014 bhí roinnt clár do dhaoine fásta, lena n-áirítear cláir snámha, siúlóid Nordach, galf dhá mhaide, agus bhí foireann ag Fine Gall sna Cluichí Náisiúnta Go for Life a bhí ar siúl in DCU i mí an Mheithimh.

D'eagraigh an Oifig Spóirt Siúlóid Aistrithe Oibríochtaí i nDiméin Ard Giolláin mar chuid de chlár teilifíse RTE. Bhí breis is 400 duine ann, leis an Méara, Kieran Dennison ar lá fliuch báite,

**Forbairt Spóirtshonrach Chómhaoinithe**
Rinne an Oifig seo cómhaoiniú ar 5 Oifigeach Peile sa Phobal i gcomhar le F.A.I., ar Oifigeach Forbartha Rugbaí amháin i gcomhar le R.F.U. Laighean, ar Oifigeach Forbartha Leadóige amháin i gcomhar le Tennis Ireland, agus ar Oifigeach Forbartha Cruicéid amháin i gcomhar le  Leinster Cricket.

**Mná sa spórt**
Rinne Comhairle Spóirt na hÉireann cómhaoiniú in 2014 ar chláir éagsúla, lena n-áirítear blitzchomórtas camógaíochta, Gaelic 4 Girls, cruicéad do Mhná agus do Chailíní, Leadóg Chairdiach, Comórtas Peile do Chailíní, agus Naisc Chlubanna Scoile Peile do Chailíní chun cailíní a spreagadh le ballraíocht a ghlacadh i gclubanna áitiúla. Bítear ag tathant ar chlubanna rannóga/foirne cailíní a bhunú. Chomh maith leis sin, reáchtáladh roinnt blitzchomórtas rugbaí leaiste do chailíní. Reáchtáileamar seisiún oiliúna do mhúinteoirí bunscoile chun roinnt bunscileanna leadóige, peile agus cruicéid a mhúineadh dóibh ionas go mbeidís in ann cailíní a spreagadh i dtreo an spóirt.

**Spóirt do Dhaoine faoi Mhíchumas**

Sa mhéid go raibh rath chomh mór sin ar an gclár Gailf do Dhaoine Dalla le bliain anuas, roghnaíodh Fine Gall chun an Chraobh Oscailte Gailf Idirnáisiúnta do Dhaoine Dalla a reáchtáil. Tháinig breis is 30 galfaire cáiliúil ó thíortha éagsúla in éineacht lena dteaghlaigh agus a dtacadóirí chun cuairt a thabhairt ar an gceantar agus iad páirteach sa chomórtas. Chomh maith leis sin, reáchtáil an Oifig Spóirt an clár oiliúna "Be Active Be Inclusive", ionas go bhfaigheadh cúramóirí agus oibrithe deonacha an deis tabhairt faoi ghníomhaíocht spóirt agus fhisiceach ag obair le daoine faoi mhíchumas, agus clár peile i gcomhar teiripeoirí saothair FSS d'fhir fhásta agus leanadh leis na gníomhaíochtaí spóirt cathaoireacha cumhachta.



**Comhpháirtíochtaí**

Bíonn an Oifig ag brath i gcónaí ar chomhpháirtíochtaí leis an iliomad gníomhaireachtaí agus eagraíochtaí chun a cláir a chur ar fáil don raon is leithne daoine sa phobal.

## AN OIFIG EALAÍON

Is é ról Oifig Ealaíon Chomhairle Contae Fhine Gall gníomhaíocht chultúrtha a spreagadh agus a chothú i bhFine Gall agus tacú leis an ngníomhaíocht sin, trí thacú le forbairt daoine agus pobail chruthaitheacha. Is féidir leis na hEalaíona an saol agus an pobal a dhéanamh níos saibhre. Is féidir é sin a bhaint amach trí sheirbhís le bonn leathan a sholáthar: mar shampla deontais agus sparánachtaí, cláir oideachais, coimisiúnú a dhéanamh ar ealaín phoiblí, maoiniú agus tacaíocht a thabhairt do dhá ionad ealaíon, agus tacú le healaíontóirí gairmiúla atá ina gcónaí i bhFine Gall. Tá cur chuige beartasbhunaithe i bhfeidhm ag an oifig Ealaíon, ar beartas é atá bunaithe ar chomhairliúchán le gach earnáil ealaíon i bhFine Gall. In 2013 d'fhoilsigh an Oifig Ealaíon dara Plean Forbartha Fhine Gall (2013-2017).

**Deontais Ealaíon a bronnadh faoi alt 6 den Acht Ealaíon 2003**
In 2014, bronnadh **€40,000** ar Fhéilte Ealaíon Pobail agus ar Fhéilte Ceoil Thraidisiúnta, agus bronnadh **€53,000** faoin scéim ghinearálta deontas ealaíon. Anuas air sin bronnadh **€649,300** go caol díreach ar an dá Ionad Ealaíon atá ag an gComhairle féin, Draíocht agus Ionad Cultúrtha Shéamuis Ennis.

**Ionaid Ealaíon & Cultúrtha**
Lean Comhairle Contae Fhine Gall lena pháirt ag cur feabhais ar an saol cultúrtha i bhFine Gall agus ag soláthar rochtain phoiblí ar na hEalaíona ach forbairt leanúnach a dhéanamh ar an dá Ionad Ealaíon.

**Draíocht**
Tá Draíocht lonnaithe i mBaile Átha Cliath 15 agus is ionad ilchuspóra ealaíon é ar reáchtáladh 378 n-imeacht le ticéid ann in 2014 – imeachtaí ar fhreastail 37,293 dhuine orthu. Chomh maith leis sin, d'fhreastail tuairim is 10,000 duine ar imeachtaí gan ticéad ann in 2014, mar shampla ranganna damhsa agus drámaíochta Scoil Stagezone, cuairteanna taispeántas, lóin taispeantas agus turais scoile.

**Ionad Ealaíon Shéamuis Ennis**
Ionad ilchuspóra Ealaíon é Ionad Ealaíon Shéamuis Ennis ina mbíonn taispeántais, le ceoltóirí agus ealaíontóirí náisiúnta agus idirnáisiúnta. In 2014 reáchtáladh **129** n-imeacht le ticéad ann (Eanáir – Nollaig) lena n-áirítear ceolchoirmeacha, ceardlanna ealaíon/ceardaíochta, cinema, féilte agus cainteanna & plé. Dhíol an t-ionad **4,361** thicéad le linn na bliana.



## Óige agus Oideachas

Le linn 2014 chuir an Oifig Ealaíon tús le raon clár faoin téama seo, nó lean ag tacú le cláir a bhí ar bun cheana féin, lena n-áirítear:

- **Artful Dodgers**: Clár arna chur ar fáil i gcomhpháirt le Coiste Cúraim Leanaí Chontae Fhine Gall in 2 chreis le haghaidh 45 leanbh agus bhall foirne creise. Áiríodh ar an gclár sin taighde a rinne Coláiste na Tríonóide ar ealaíona a úsáid sna blianta luath-óige agus scaipfear torthaí an taighde sin in 2015.
- **Clár Stiúideo (Seomra 13):** Faoin gclár seo cuirtear tacaíocht ar fáil do mhic léinn chun stiúideonna ealaíne a bhunú in 2 bhunscoil agus bhí 2 ealaíontóir i gceist leis seo.
- **Space Invaders:** Féile ealaíon luath-óige ar leith arna reáchtáil in Farmleigh i mí Iúil ar fhreastail breis is 500 duine air.
- **Tionscadal Ilmheáin:** Reáchtáladh an tionscadal ilmheáin seachtaine seo i gcomhar le Create agus Draíocht le haghaidh déagóirí idir 14 agus 16 bliana d'aois.
- **Amharclann Cheoil do Dhaoine Óga:** Ghlac Amharclann Óige Bhaile Átha Cliath 15 páirt i seachtain de cheardlanna a chuir aisteoirí gairmiúla i láthair.



## Ealaíon agus Sláinte

Cuireadh tacaíocht ar fáil le go mbunófaí cór do dhaoine agus teaghlaigh a bhfuil duine den chlann ag fulaingt le néaltrú. Bhí roghbhlúire faoin gcór seo ar chlár faisnéise a chraol RTÉ.

## Ealaín Phoiblí

**'Resort Residency':** Is éard a bhí i gceist leis an gclár seo ná 8 n-ealaíontóir ag obair le grúpaí áitiúla agus le háitritheoirí le linn tréimhse seachtaine agus iad ar cuairt i bpáirc áitiúil de thithe soghluaiste.

**Tionscnamh Faisin Ghrúpa Ban Afracach Bhaile Brigín:** Rinneadh obair i gcomhar le grúpa Ban Afracach Bhaile Brigín chun tionscnamh a bhunú a bhain le héadaí traidisiúnta Afracach.



**Coimisiúin +:** Clár maidir le coimisiúnú agus foilsiú saothar a chuirfidh leis an bplé a bhaineann le coimisiúnú a dhéanamh ar ealaín phoiblí anseo agus thar sáile.

Tionscnaimh Nua

**Scéim Tacaíochta d'Ealaíontóirí:** Sparánacht nua a chuideoidh le healaíontóirí gairmiúla leas a bhaint as an dámhachtain agus cuidiú leo a gcuid oibre agus a ngairmeacha a fhorbairt. Bronnadh 18 sparánacht.

**Gradam Dámhachtana Bhloc T:** Tá an clár seo bunaithe ar mheasúnú a dhéanamh ar aighneachtaí oscailte a lorgaítear ó mhic léinn fochéime agus iarchéime a bhain an chéim amach in 2014 agus bronnadh stiúideo i mBloc T ar an mac léinn a bhuaigh ar feadh bliana agus bhí taispeántas aonair ag an mac léinn sin ag deireadh na bliana.

**Gréasán Ealaíontóirí Fhine Gall:** Reáchtáladh an chéad teacht le chéile d'ealaíontóirí Fhine Gall ag féachaint le gréasán tacaíochta a bhunú.

**Teacht Bád Loch Sionnaigh:** I gcomhar le comhghleacaithe sa Rannóg Oibríochtaí agus Ailtirí rinneadh feistiú ar an teach bád le haghaidh gardaí tarrthála agus spás stiúideo d'ealaíontóirí.

**Beochan Coimisiúnaithe:** Mar chuid den snáithe cumarsáide de Phlean Ealaíon 2013 – 17 rinneadh coimisiúnú ar bheochan 80 soicind chun béim a leagan ar an luach a bhaineann leis na hEalaíona sa ghnáthshaol i bhFine Gall.

**Taispeántas Ealaíon don Cheiliúradh 20 Bliain:** Mórthaispeántas de shaothair agus d'obair na hOifige Ealaíon, a reáchtáladh in Farmleigh i mí na Nollag agus ar fhreastail breis is 400 duine air. Rinneadh cur i láthair ar thionscadail na hOifige Ealaíon agus ó ghrúpaí éagsúla

ar chuir an Oifig tacaíocht ar fáil dóibh i gcaitheamh na mblianta trí na scéimeanna deontais.

# An Roinn Seirbhísí Forbartha Eacnamaíochta

Cuireann an Roinn Seirbhísí Forbartha Eacnamaíochta tacaíocht ar fáil d'fhorbairt struchtúrtha eacnamaíochta Fhine Gall trí thionscadail a phleanáil, a bhunú agus a bhainistiú, ar tionscnaimh iad a chuireann go dearfach le forbairt leanúnach eacnamaíochta an chontae. Cuidíonn an Roinn le cruthú fostaíochta i gcomhar le gnóthaí áitiúla, le Cumainn Lucht Tráchtála, le IDA agus le Fiontraíocht Éireann. Chomh maith leis sin, déanann an Roinn comhordú agus cuidiú le Coiste Forbartha Pobail Áitiúil Fhine Gall, le hOifig Fiontar Fhine Gall agus le hinstitiúidí tríú leibhéal lena n-áirítear Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Bhlainséir agus le hOllscoil Chathair Bhaile Átha Cliath.

**Pleanáil, Margaíocht agus Cur Chun Cinn Eacnamaíochta Fhine Gall**
In 2014 sheol Comhairle Contae Fhine Gall scéim Cothaithe Deontais Gnó. Socraítear an cistiú don scéim seo ag €100,000, €20,000 in aghaidh an toghcheantair. Féadfaidh an deontas cuidiú le haon tionscnamh a bhfuil mar aidhm leis gnó a chruthú, a ghiniúint nó a chothú sa limistéar, mar shampla:

- Tionscnaimh chun margaíocht agus cothú a dhéanamh ar ghnó sa cheantar nó sa chatagóir gnó
- Imeachtaí ina dtaispeántar táirgí/seirbhísí sa cheantar
- Mion-fheabhsúcháin nó miontionscnaimh chomhshaoil sa cheantar nó sa limistéar.

Cuirfear deontais ar fáil do thionscnaimh a chomhlíonann na cuspóirí seo a leanas:

- Cuidiú le giniúint agus cothú gníomhaíochta gnó trí tháirgí inbhraite a sholáthar mar shampla breis daoine ar cuairt sa cheantar.
- Gnóthaí/miondíoltóirí a spreagadh sa limistéar a bheith ag obair i gcomhar lena chéile agus gníomhaíocht ghnó a chothú sa limistéar.
- An Pobal Gnó a spreagadh bheith ag obair le Comhairle Contae Fhine Gall agus le gníomhaireachtaí poiblí eile



Forbraíodh dhá thionscnamh eile chun margaíocht agus cur chun cinn a dhéanamh ar Bhaile Brigín agus ar Bhaile Átha Cliath 15 mar cheantair ina bhféadfadh cuideachtaí

ilnáisiúnta agus gnóthaí dúchasacha infheistiú iontu. Forbraíodh suíomh gréasáin, eolasghrafaic agus físeán le haghaidh Bhaile Brigín (www.balbriggan.ie). Chomh maith leis sin, bunaíodh Grúpa Stiúrtha, faoi chathaoirleacht an Phríomhfheidhmeannaigh, chun cuidiú le forbairt agus margaíocht branda le haghaidh Chrios Fiontar Bhaile Átha Cliath 15. Tá ionadaithe ar an nGrúpa Stiúrtha seo ó ghníomhaireachtaí náisiúnta agus áitiúla, ó chuideachtaí ilnáisiúnta atá lonnaithe i mBaile Átha Cliath 15, ó Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Bhlainséir, chomh maith le baill thábhachtacha as measc fhoireann na Comhairle.

BalBriggan.ie

**Páirceanna Tionsclaíochta a Fhorbairt agus a Bhainistiú**

Bíonn an Comhairle ag obair i gcónaí leis an earnáil ghnó chun na Páirceanna Tionsclaíocha a fhorbairt sna háiteanna seo a leanas: Baile Dama, Ceapach, Baile Stiofáin, Páirc Ghnó agus Teicneolaíochta an Choláiste, Baile Bhlainséir agus Tuirbhe. In 2014 d'fhógair Alexion Pharma International Trading, fochuideachta de chuid Alexion Pharmaceuticals, Inc., go raibh sé beartaithe aige a oibríochtaí a aistriú go hÉirinn tar éis na héadála, ó Chomhairle Contae Fhine Gall, ar shuíomh nua i bPáirc Ghnó an Choláiste. Tá sé i gceist ag an gCuideachta leathnú amach agus cruthófar tuairim is 200 post nua ag Alexion mar chuid den infheistiú de thuairim is €75 mhilliún sa suíomh nua seo thar an gcéad dá bhliain eile. Chomh maith leis na poist a chruthófar sa chuideachta féin, beidh breis is 200 post tógála á gcruthú freisin.



**Coiste Forbartha Pobail Fhine Gall (LCDC) agus Clár Gníomhachtaithe Cuimsitheachta Pobail (SICAP)**
Bunaíodh an LCDC faoin Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil 2014, ar mhaithe le forbairt, comhordú agus cur i bhfeidhm a dhéanamh ar chur chuige comhtháite i leith na forbartha áitiúla agus pobail. Tháinig LCDC le chéile 5 huaire in 2014 agus leanfaidh ag teacht le chéile go rialta in 2015 chun a chinntiú go dtabharfar éifeacht do na ceanglais reachtúla sin.

Beidh LCDC freagrach as cláir mhaoiniúcháin náisiúnta, as cur i bhfeidhm an Chláir Gníomhachtaithe Cuimsitheachta Sóisialta (SICAP) agus tacóidh ar an gcaoi sin le straitéisí áitiúla do phobail agus do dhaoine aonair, ag aithint agus ag dul i ngleic le saincheisteanna cuimsitheacha sóisialta agus comhionannais agus ag cur chun cinn na rochtana ar fhoghlaim feadh saoil, ar fhéinfhostaíocht agus ar dheiseanna fiontar sóisialta a chruthú.

As measc na 19 mball ar LCDC tá ionadaithe ó leasanna éagsúla poiblí agus gnó, ó earnáil na forbartha áitiúla, ó earnálacha an oideachais, na talmhaíochta, na hoibre deonaí agus tá baill air freisin ón údarás áitiúil. Féachfaidh LCDC, ina fhreagracht as ullmhú agus cur i bhfeidhm na gné pobail den Phlean Áitiúil Eacnamaíochta & Pobail lena chinntiú go mbeidh cláir forbartha pobail, a fhaigheann maoiniú poiblí, ina gcláir éifeachtacha, chomhleanúnacha, chomhordaithe agus go seachnóidh siad dúbailtí.

**Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail Fhine Gall (LECP)**
Is é is cuspóir do LECP, de réir mar a fhoráiltear san Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil 2014, ná na cuspóirí agus na bearta a leagan amach, do thréimhse sé bliana, a mbeidh gá leo chun forbairt eacnamaíochta agus pobail a chur chun cinn agus tacú leis i gceantar Fhine Gall, bíodh sin go caol díreach nó i gcomhpháirt le páirtithe leasmhara eacnamaíochta agus pobail eile. Cuireadh tús leis an obair ar cheapach an Phlean le haghaidh 2014 agus bunaíodh Grúpa Stiúrtha Comhairleach le hionadaithe ó LCDC agus ó CPS Forbartha Eacnamaíochta agus Fiontar Fhine Gall chun ráiteas socheacnamaíochta a fhorbairt a mbeidh comhairliúchán poiblí ann ina leith go luath in 2015.

**Taispeántas 'Flavours of Fingal County' 2014**
Reáchtáladh an taispeántas 'Flavours of Fingal County' ar an 28 agus an 29 Meitheamh i dTeach agus Feirm an Droichid Nua, Domhnach Bat. D'fhreastail tuairim is 30,000 duine ar an ócáid seo thar thréimhse dhá lá. San iomlán bhí 75 dhuine le taispeántais ar an lá agus ar na míreanna nua ar chlár na bliana seo bhí Learning Zone le haghaidh leanaí, agus spás idirghníomhach inar reáchtáladh ceardlanna agus inar cuireadh teachtaireachtaí faoi fheirmeoireacht agus bia i láthair.

Sa Gharraí Daingean/Sráidbhaile Bia bhí táirgeoirí áitiúla, ag cócaireacht agus ag déanamh taispeántas le bláthanna. Sa spás feirmeoireachta bhí caoirigh agus beithígh, trialacha madraí caorach, taispeántas eachaíochta agus taispeántas lúfaireachta madraí. I measc na ngníomhaíochtaí eile bhí péinteáil aghaidheanna, the Big Dig (tochailt seandálaíochta le

haghaidh leanaí), caisleáin aeir agus taispeántas fíodóireachta. Chuir gnóthaí áitiúla a lán tacaíochta ar fáil don taispeántas dhá lá seo, agus ghlac na gnóthaí céanna páirt mhaith san ócáid agus thug go fial ó thaobh maoiniúcháin de.

**Turasóireacht**

Lean Chomhairle ag soláthar tacaíocht airgeadais le haghaidh riaradh agus fheidhmiú Thurasóireacht Fhine Gall in 2014. Chomh maith leis sin, chuir an Chomhairle tacaíocht ar fáil do Thurasóireacht Fhine Gall trína bhallraíocht ar an mbord agus trí pháirt a ghlacadh sa chomhchlár trádála agus aonach tomhaltóirí, prómóisin i siopaí, fógraíocht spriocdhírithe, caidrimh phoiblí agus feachtais de mhargaíocht dhíreach agus treoirleabhair thurasóireachta  (www.fingaldublin.ie). Chomh maith leis sin chuir Fine Gall tacaíocht ar fáil do 19 n-imeacht tríd an Tionscnamh Diaspóra Turasóireachta Pobail.

**Naisc le Chengdu, an tSín**



*Foireann na cuideachta Sam Dennigan Company, oifigigh ó Chomhairle Contae Fhine Gall agus oifigigh ó Chengdu na Síne*

I mí na Samhna, 2014 thug oifigigh ó Chengdu na Síne cuairt ar Fhine Gall. Ar an lá thug siad cuairt ar Ionad Fiontar Draighneáin Fhine Gall, ar Shord agus ar Sam Dennigan and Company.  Chomh maith leis sin, rinne an Dr Pól Mac Aonghusa, Bainisteoir Sinsearach Taighde in IBM cur i láthair dóibh i gcomhar le hÚdaráis Áitiúla Bhaile Átha Cliath agus IBM ina nIonad Teicneolaíochtaí Cathracha Níos Cliste. An coinne deireanach ar an lá ná Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath áit a ndearnadh cur i láthair don toscaireacht faoi Ionad Néalríomhaireachta na hÉireann agus faoin gClár Céime Máistreacta a chuireann DCU ar fáil sa Bhainistiú Éigeandálaí.

**Oifig Fiontar Áitiúil**

D’oscail Richard Bruton, an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta agus Méara Fhine Gall an Comhairleoir Keiran Dennison go hoifigiúil Oifig Fiontar Fhine Gall (LEO Fhine Gall) i mí Bealtaine. Bunaíodh an Oifig Fiontar Áitiúil nua trí chónascadh a dhéanamh ar Bhord Fiontar Contae Fhine Gall le Roinn Seirbhísí Forbartha Eacnamaíochta na Comhairle. Tá LEO Fhine Gall ina ionad ilfhreastail do thacaí fiontraíochta sa Chontae.



*Oscailt Oifigiúil Oifig Fiontar Áitiúil Fhine Gall*

Na seirbhísí uile a chuir an Bord Fiontar Contae, mar a bhí, ar fáil beidh siadsan á gcur ar fáil anois ag Oifig Fiontar Fhine Gall – seirbhísí do ghnóthaí nuabhunaithe. Cuirfear seirbhísí feabhsaithe ar fáil freisin mar shampla scéim deontais Dearbháin Trádála ar Líne a chuidíonn le fiontair a bpoitéinseal ríomhthráchtála a fhorbairt, feabhas a chur ar an rochtain ar Mhicreamhaoiniú in Éirinn agus an comórtas “Fiontraí Óg is Fearr na hÉireann” a reáchtáil a chuireann an fhiontraíocht chun cinn i measc daoine óga.

c


*Seoladh na Scéime Deontais 'Dearbháin Trádála ar Line' ag oscailt oifigiúil Oifig Fiontar Áitiúil Fhine Gall*

Le linn na bliana, d'fhaomh LEO Fhine Gall cúnamh deontais de níos mó ná €815,000. A bhuíochas leis an maoiniú sin, cruthófar 51 phost nua ar dtús agus seans go n-ardóidh an líon sin go dtí 115 phost nua sna chéad 12 mhí. Clár a mbíonn an-tóir air i gcónaí ná an clár 'Tosaigh do Ghnó Féin' agus ghlac 125 dhuine páirt sa chlár sin. Ghlac 795 ábhar fiontraí agus bunaitheoirí gnóthaí nua páirt sna Clinicí seachtainiúla Comhairleacha Gnó.

Chomh maith leis sin, cuireann an Oifig Fiontar Áitiúil seirbhís mheantóireachta ar fáil do ghnóthaí sula gcuirtear iad ar bun agus do ghnóthaí seanbhunaithe agus faomhadh 128 meantóir i rith na bliana ar na gnóthaí sin. In 2014 bhí an-éileamh ar Cheardlanna Forbartha Bainistíochta na hOifige Fiontar Áitiúil. I measc na gclár eile a cuireadh ar fáil bhí na Ceardlanna Ginte Smaointe, Cruinnithe Faisnéise Gnó, Ríomhthráchtáil agus Oiliúint sa Mhargaíocht Dhigiteach, chomh maith leis na Cláir Forbartha Croíbhainistiochta dála Accelerate, The Food Academy, Hi-start agus Plato. Chomh maith leis sin, tacaíonn an Oifig Fiontar Áitiúil le Slabhra Bia Bhaile Átha Cliath, le Misin Trádála Easpórtála agus le comórtas Fiontraí Óg is Fearr na hÉireann, i measc comórtais eile.




*Iomaitheoirí Bhabhta Ceannais Fhine Gall ag freastal ar ghrodchúrsa Fhiontraí Óg is Fearr na Bliana i mí Dheireadh Fómhair*

Reáchtáladh Seachtain Fiontraíochta Fhine Gall i mí Dheireadh Fómhair agus aithnítear an tseachtain sin anois ar cheann de na Seachtainí Fiontraíochta is rathúla sa tír. Le linn na Seachtaine Fiontraíochta, reáchtáiltear clár cuimsitheach de ghníomhaíochtaí lena n-áirítear seimineáir, meantóireacht agus ceardlanna agus freastalaíonn an iliomad fiontraí agus bunaitheoirí gnóthaí nua ar an ócáid.




*Seoladh Sheachtain Fiontraíochta Fhine Gall 2014*

Reáchtáladh searmanas Ghradaim Fiontar Fhine Gall le linn na Seachtaine Fiontraíochta, agus tugadh aitheantas do na nithe a bhain na gnóthaí is nuálaí agus is dinimiciúla i bhFine Gall amach.

D'éirigh níos fearr ná riamh le Clár Gradaim Fiontraíochta Fhine Gall do Mhic Léinn mar ar ghlac 1,809 mac léinn ó 22 iar-bhunscoil agus 348 mac léinn ó 8 mbunscoil páirt sa chlár. Reáchtáladh an searmanas gradam bliantúil i mí an Mhárta agus roinneadh na gradaim thar thrí chatagóir éagsúla.



*Ag freastal ar Ghradaim Fiontraíochta Fhine Gall do Mhic Léinn 2014*

Cuireann Comhairle Contae Fhine Gall tacaíocht ar fáil o thrí cinn d'Ionaid Fiontraíochta sa Chontae i gcónaí. Tá bainistiú na dtrí Ionad Fiontraíochta sin tugtha anois faoi scáth na hOifige Áitiúla Fiontar agus ar an gcaoi sin is féidir seirbhís níos comhleanúnaí a chur ar fáil do ghnóthaí nuabhunaithe agus do ghnóthaí atá ag fás. In Ionad Fiontraíochta Dhraighneáin i Sord, a osclaíodh le linn 2010, in Ionad BASE i Mullach Eadrad agus in ionad Beat i mBaile Brigín, tá spás agus saoráidí á dtairiscint ag Fine Gall do dhaoine ar mhaith leo gnó nuabhunaithe a thosú sna ceantair sin. Faoi láthair tugtar tacaíocht do bhreis is 75 ghnó agus 300 post sna trí ionad fiontraíochta.




*Ionad Fiontraíochta Dhraighneáin*

# An Roinn Comhshaoil agus Seirbhísí Uisce

## AN RANNÁN COMHSHAOIL

I measc fheidhmeanna an Rannáin seo tá pleanáil do bhainistiú dramhaíola, rialú dramhaíola, monatóireacht agus forfheidhmiú, truailliú uisce, forfheidhmiú bruscair, cáilíocht an aeir agus truailliú torainn.

**An Plean maidir le Critéir Íosta Molta do Chigireachtaí Comhshaoil (RMCEI)**

- Cuireadh i bhfeidhm Plean RMCEI 2014 a bhuíochas le comh-acmhainní an Rannáin Comhshaoil chun a chinntiú go ndéanfaí monatóireacht agus cur i bhfeidhm éifeachtach ar an reachtaíocht maidir leis an gcomhshaol.

**Forfheidhmiú Dramhaíola**

- Tionscnaíodh 23 bheart forfheidhmiúcháin mar gheall ar sháruithe ar na hAchtanna um Bainistiú Dramhaíola in 2014.
- Ceadaíodh 2 Cheadúnas Saoráidí Dramhaíola in 2014 do shaoráidí aisghabhála dramhaíola.
- Leasaíodh 15 Cheadúnas Saoráidí Dramhaíóla in 2014 mar gheall ar Rialacháin nua.
- Rinneadh 48 gcigireacht ar 19 soláthraí chláraithe féinghéilliúla de réir na Rialachán um Pacáistiú 2014.
- Rialacháin um Dramhbhhia – 52 chigireacht.
- Rialacháin um Dramhbhoinn – 7 gcigireacht.
- Rialacháin WEEE – chláraigh 475 áitreabh leis an Ardán Athchúrsála Eorpach (ERP).
- Cuireadh i gcrích 50 cigireacht géilliúlachta.

**Rialú Bruscair**

- Eisíodh 919 bhfíneáil in 2014.
- Ullmhaíodh 155 chomhad d’ionchúisimh.



**Rialú ar Cháilíocht an Aeir**

Cuirtear an tseirbhís seo ar fáil ar bhonn gníomhaireachta agus is iad Oifigigh Chomhshaoil Sláinte (EHO) Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) a dhéanann an obair.

- Tá an Príomhstáisiún Cáilíochta Aeir lonnaithe i mBaile Bhlainséir, Baile Átha Cliath 15, áit a ndéantar PM10 agus NOx a thomhas. Cuirtear sonraí fíorama ar fáil agus tá an stáisiún ina chuid den Líonra Réigiúnach Monatóireachta Cáilíochta Aeir
- Rinneadh 102 chigireacht in 2014 faoi na Rialacháin fán Acht um Thruailliú Aeir (Margaíocht, Díolachán, Dáileadh agus Dó Breoslaí Sonraithe) 2012.
- Rinneadh 56 chigireacht spriocdhírithe ar dhíoltóirí agus dáileoirí guail.
- Fuarthas 21 ghearán ó bhaill den phobal i ndáil le breoslaí sonraithe a dhó.

**Rialú Torainn**

- Rinneadh iniúchadh ar 173 ghearán ó na hoifigigh chomhshaoil sláinte.

**Rialú Madraí agus Capall**

- Eisíodh 5,686 cheadúnas madraí agus astusan eisíodh 1517 ar líne.
- Gabhadh 353 mhadra agus tugadh isteach 36 eile chuig an bPóna Madraí in 2014.
- Cuireadh 206 chapall i bpóna na Comhairle in 2014.




*Seoladh na Comharthaíochta Náisiúnta in 2014 maidir le Salú ag Madraí*

**Rialú ar Thruailliú Uisce**

Tá Comhairle Contae Fhine Gall ina chuid de Cheantar Abhantraí an Oirthir (ERBD). An príomhchuspóir ná na ceanglais reachtúla a chomhlíonadh a bhaineann le huiscí mar atá sonraithe sa Phlean um Bainistiú Abhantraí faoin gCreat-treoir Uisce (WFD).

I measc na ngníomhaíochtaí le linn 2014 bhí siad seo a leanas:

- Monatóireacht ar cháilíocht an uisce in aibhneacha agus sruthanna faoin WFD (500 sampla).
- Monatóireacht ráithiúil dhromchla i 17 suíomh reachtúla.
- Cigireacht agus dúnadh ar 24 theagmhas a bhain le truailliú uisce (aibhneacha, limistéir snámha).
- Na Rialacháin um Uisce Snámha a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear monatóireacht agus tuairisciú faoi cháilíocht an uisce in uiscí snámha ar leith.
- 21 chigireacht feirme déanta agus trastuairisciú i gcás nach rabhthas géilliúil.
- Monatóireacht ar 73 cheadúnas le haghaidh Scaoileadh Eisilteach Trádála.
- 19 gcigireacht déanta ar chórais chóireála phríobháideacha dramhuisce de réir Phlean Náisiúnta Cigireachta EPA.

**An Plean um Bainistiú Dramhaíola – An Lár-Réigiún Thoir**
Tar éis bhunú na réigiún nua pleanála dramhaíola, dréachtaíodh Plean don Lár-Réigiún Thoir. Áirítear sa Lár-Réigiún Thoir na húdaráis áitiúla seo a leanas: Cathair Bhaile Átha Cliath, Dún Laoghaire-Ráth an Dúin, Fine Gall, Baile Átha Cliath Theas, Cill Dara, Lú, Laois, Longfort, an Mhí, an Iarmhí agus Cill Mhantáin. Foilsíodh an dréachtphlean le haghaidh an chomhairliúcháin phoiblí i mí na Samhna 2014.

## BONNEAGAR DRAMHAÍOLA



**Líonadh Talún Bhaile Amhlaoibh**
Scor Líonadh Talún Bhaile Amhlaoibh de bheith ag glacadh le dramhaíl i mí Bealtaine 2012 tar éis dó a bheith ag feidhmiú ar feadh 40 bliain. Táthar fós ag glacadh le hithir ag an suíomh le haghaidh feabhsúcháin agus barrchaidhpeála. Tá tuairim is 5,000 $m^2$ den seanlíonadh talún fós le barrchaidhpeáil mhonartha a chur air - a áiríonn ithir, ciseal draeáilte, ciseal cré geoisintéiteach, ciseal saorga beintiníte agus ciseal bailithe gáis.

**Líonadh Talún Dhún Since**
Tá líonadh talún Dhún Since ina chéim iarchúraim i.e. monatóireacht chomhshaoil, bainistiú láisteáite agus gáis líonta talún. Táthar ag laghdú ghiniúint an ghás líonta talún ar bhonn leanúnach. Bíodh sin mar atá, tá dóthain gáis ann chun leictreachas a ghiniúint ar bhonn tráchtála.

**Líonadh Talún Neimhead**
Cuireadh i gcrích Measúnú um Riosca Comhshaoil le linn 2014. Mar chonclúid sa tuarascáil luaitear nach bhfuil ach baol íseal ag baint leis an suíomh don chomhshaol máguaird, agus cuireadh an tuarascáil sin faoi bhráid na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil i mí

Iúil 2014. Cuireadh togra feabhsúcháin maidir le Maolú Nádúrtha arna Mhonatóiriú faoi bhráid na Gníomhaireachta i mí na Nollag 2014.

**Líontaí Talún Stairiúla**
Rinneadh cigireacht suímh agus Measúnú um Riosca Comhshaoil in Fancourt, Baile Brigín le linn 2014. Cuireadh tús le cigireacht suímh agus Measúnú um Riosca Comhshaoil i gCairéal Curkeen i mbliana.

**Tionscadal Bhaile Átha Cliath – Dramhaíl chuig Fuinneamh**
Is Comhpháirtíocht Phoiblí Phríobháideach an tionscadal seo idir Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath (ag feidhmiú thar ceann Údaráis Áitiúla Bhaile Átha Cliath) agus Dublin Waste to Energy Ltd.

Cinneadh i mí Mheán Fómhair 2014 dul ar aghaidh leis an tionscadal seo. Cuireadh tús le hoibreacha tógála go déanach in 2014 agus tá sé i gceist na hoibreacha sin a bheith i gcrích go déanach in 2017.

### Ionaid Athchúrsála, Bainc Bhuidéil agus Bainc Éadaí

- Tá dá ionad athchúrsála ag an gComhairle (Inbhear & An Chúl Mhín); chomh maith le líonra de 72 bhanc buidéil ar fud an chontae agus 26 bhanc éadaí (a tosaíodh i mí Iúil 2012).




Tar éis cuireadh chun tairisceana a reáchtáladh in 2014, d'imíos i gCreat-chomhaontuithe nua 4 bliana do bhailiú sruthanna dramhaíola ó Ionaid Athchúrsála Chúil Mhín agus an Inbhir, mar ar bronneadh conarthaí nua agus athraíodh conraitheoirí ag baiiú dramhaíola ó gach suíomh.

### Dreamhtrealamh Leictreonach agus Leictreach

- Mar thoradh ar chur i bhfeidhm na Rialacháin um Dramhtrealamh Leictreonach agus Leictreach (WEEE) 2005 is gá cigireacht a dhéanamh ar áitribh chun a chinntiú go bhfuil miondíoltóirí ag comhlíonadh na rialachán agus ag glacadh le WEEE ag Ionaid Athchúrsála saor in aisce (WEEE tí amháin).
- Bhí 475 áitreabh miondíola cláraithe leis an Ardán Athchúrsála Eorpach le haghaidh 2014.
- Ní raibh aon áitreabh miondíola cláraithe le Comhairle Contae Fhine Gall in 2014.

## FEASACHT COMHSHAOIL

- Tá 91 ghrúpa ar fud na tíre páirteach i dtionscnamh na Comhairle "Adopt a Patch".
- Faoin gCiste Comhpháirtíochta Comhshaoil Local Agenda 21 bronnadh €35,000 in 2014 ar 19 dtionscadal áitiúla comhshaoil.
- Leanadh le Cláir Oideachais faoin gComhshaol in Ionaid Athchúrsála an Inbhir agus Chúil Mhín agus thug 10 scoil cuairt orthu in 2014.
- Reáchtáladh ócáid Siúlóirí Glasa Madraí sna Sceirí, agus cuireadh comharthaíocht nua in airde ar fud na tíre chun feasacht a spreagadh faoi shalú ag madraí.
- Reáchtáladh imeachtaí chun feasacht a spreagadh faoi ghuma ag Ionad Siopadóireachta an Pavilions, Sord agus in Ionad Siopadóireacht Bhaile Bhlainséir.
- Reáchtáladh imeacht maidir le Dramhaíl Ghuaiseach Feirme i Lusca i gcomhar leis an Roinn Bia gus Talmhaíochta, EPA agus Rilta Environmental Ltd, mar ar bailíodh 3,484kg de dhramhaíl ghuaiseach, 13,098kg de dhramh-ola agus 1,230kg de WEEE.

TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA AN RANNÁIN CHOMHSHAOIL

| TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA | 2014 | 2013 | 2012 |
|---|---|---|---|
| Líon na Maor Bruscair | 6 (8 Mí)<br>5 ( 4 Mí) | 4 | 6 |
| Líon na bhFíneálacha a Eisíodh | 919 | 738 | 1158 |
| Líon na bhFíneálacha a Íocadh | 436 | 322 | 424 |
| Luach Iomlán na bhFíneálacha a Íocadh | 67,720 | 51,842 | 66,545 |
| **Gearáin faoin gComhshaol** | **2014** | **2013** | **2012** |
| Líon iomlán an ngearán | 1769 | 2161 | 2883 |
| Líon na ngearán a ndearnadh iniúchadh orthu | 1769 | 2161 | 2883 |
| Líon na nGnáthamh Forfheidhmiúcháin | 178 | 93 | 101<br>(Stait. Forfheidhmiúcháin RMCEI 2012) |
| **Rialacháin um Pacáistiú Dramhaíola (e.g. Pacáistiú nó clárú Ceadúnais)** | **2014** | **2013** | **2012** |
| Líon Gnóthaí ar baill iad de Repak | 64 | 65 | 400 |
| Líon na nGnóthaí atá Féinghéilliúil | 19 | 19 | 18 |
| **Gearáin maidir le Truailliú Uisce** | **2014** | **2013** | **2012** |
| Gearáin/Teagmhais a fuarthas/a tugadh faoi deara | 28 | 29 | 46 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| Líon a ndearnadh iniúchadh orthu | 32<br>(4 san áireamh ó 2013) | 37<br>(Lena n-áirítear Tugtha Anonn ó 2012) | 55 |
| Líon na ngearán a réitíodh gan aon ghá le bearta breise | 24 | 24 | 32 |
| Líon na ngnáthamh (Alt 12) | 7 | 27 | 27 |
| Líon na nIonchúiseamh a Tionscnaíodh | 0 | 0 | 0 |
| Ionchúisimh a Cuireadh i gCrích go sásúil | 0 | 0 | 0 |
| **Acmhainní Bainisithe Dramhaíóla** | **2014** | **2013** | **2012** |
| Líon na Saoráidí Cathartha | 2 | 2 | 2 |
| Líon na nIonad Beir Leat | 72 | 73 | 73 |
| **Tonnáiste na Míreanna In-athchúrsáilte a Bailíodh** | **2014** | **2013** | **2012** |
| Ionad Athchúrsála an Inbhir | 5053 | 4426 | 4308 |
| Ionad Athchúrsála Chúil Mhín | 3544 | 3084 | 3297 |
| Gloine ó Ionaid Beir Leat | 4637 | 4522 | 4567 |
| Éadaí ó Bhainc Éadaí | 117 | 85 | 58 |
| WEEE glactha ag Ionaid Athchúrsála | 1178 | 1162 | 1202 |
| WEEE bailithe ag ERP ó mhiondíoltóirí ** | 1516 | 1399 | 1164 |
| **Iomlán** | **16,045** | **14,678** | **14,596** |

## SEIRBHÍSÍ UISCE

Faoin reachtaíocht a achtaíodh i mí na Nollag 2013, ghlac Irish Water leis an bhfreagracht as seirbhísí poiblí uisce, lena n-áirítear cóireáil ar uisce agus soláthar seirbhísí dramhuisce do thithe agus do ghnóthaí i mí Eanáir 2014. Leanfaidh an Chomhairle ag soláthar seirbhísí uisce thar ceann Irish Water de réir Comhaontaithe Leibhéil Seirbhíse 12 bhliain, agus de réir prótacail chomhaontaithe agus Plean Bliantúil Sonrach seirbhíse.

**Seirbhísí Soláthair Uisce & Seirbhísí Dramhuisce**

Leanfaidh na seirbhísí soláthair uisce agus seirbhís dramhuisce ag feidhmiú mar is gnách i Limistéar Fhine Gall. An príomhathrú don tomhaltóir ná gur le Irish Water is mó a bheidh siad ag plé. Beidh nithe a bhaineann le huisce dromchla faoi chúram na Comhairle.

**Tionscadail Chaipitil**

Osclaíodh Síneadh Chéim 5 d'Ionad Cóireála Uisce Léim an Bhradáin i lár na bliana 2014. Fairsingíodh an t-ionad cóireála sin chun freastal ar an éileamh a bheadh ann ionas go mbeadh *táirgeadh sábháilte uisce ann* ón ionad de idir 148Ml/d agus 215Ml/in aghaidh an lae. Tá Ionad Cóireála Uisce Léim an Bhradáin ar an 2ra ionad is mó cóireála uisce sa tír agus cuireann sé seirbhísí ar fáil do thuairim is 30% de Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath ó thaobh a riachtanais uisce óil de.

Leanfaidh Comhairle Contae Fhine Gall ag riar na dtionscadal caipitil i limistéar Fhine Gall thar ceann Irish Water. In 2014, rinneadh dul chun cinn ar na tionscadail seo a leanas agus tá siad fós idir lámha:

- Ionad Fairsingithe Cóireála Dramhuisce Shoird
- Stáisiún Caidéalaithe Bhóthar Bhaile Átha Cliath
- Scéim Draenála Chlochráin

Tá roinnt tioscadal eile á gcur chun cinn trí Irish Water mar chuid den Chlar um Infheistiú Caipitil. I measc na dtionscadal reatha atá ag an gcéim phleanála tá:
Athshlánú Phríomhphíobán 30" Shoird, Stáisiún Caidéalaithe Bhóthair an Rois, Líonra Uisce Bhréan an Rois, Séarach Uisce Bhréan 9C agus Athshlánú Shionfón na Life.

# An Roinn Airgeadais

Bíonn an Roinn Airgeadais ag plé le maoiniú gearrthéarmach agus fadtéarmach oibríochtaí na Comhairle – idir Ioncam agus chúrsaí Caipitil.

Is éard atá i gceist leis sin:-

- Monatóireacht agus rialú a dhéanamh ar ioncam agus caiteachas i ngach réimse
- Riachtanais iasachtaithe agus léasála a shocrú
- Bainistiú cisteáin agus sreafa airgid agus
- A chinntiú go gcomhlíontar prionsabail chuntasaíochta reachtúla agus airgeadais.

Glantar ioncam nó caiteachas laethúil na Comhairle ó fhoinsí dála:-

- Rátaí Tráchtála
- Deontais Rialtais
- Císo ó Thithe
- Táillí ó iarratais phleanála
- Íocaíochtaí ar áit chónaithe phríobháideach neamhphríomha

Bíonn an méid atá ar fáil d'fhorbairtí caipitil nó bonneagair ag brath ar Dheontais ón Stát, iasachtaí agus/nó tobhaidh forbartha.

Is iad príomhfheidhmeannach na Roinne Airgeadais:-

- Buiséad Bliantúil a Ullmhú
- Ráiteas Airgeadais Bliantúil a Ullmhú
- Bainistiú agus Rialú Airgeadais
- Bailiú Ioncaim – rátaí tráchtála, tobhaidh maoine bliana iontála, muirear ar áit chónaithe neamhphríomha
- Íoc cuntas
- Riar párolla
- Riar árachais agus éileamh
- Íocaíochtaí na hOifige Airgid

**An tAcht um Íoc Pras Cuntas 1997**

An aidhm atá leis an Acht um Íoc Pras Cuntas 1997 agus Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íoc na nIdirbheart Tráchtála) ná a chinntiú go ndéanann gach Comhlacht Poiblí agus gach Conraitheoir atá ar conradh leis an tseirbhís phoiblí suimeanna atá dlite lena soláthraithe a íoc go pras. I gcás nach ndéantar íocaíocht laistigh de thréimhse 30 lá ó dháta fháil an tsonraisc bhailí, tá dualgas ann pionós úis a íoc.

De réir chinneadh S29296 ón Rialtas agus de réir an Phlean Náisiúnta Téarnaimh agus Plean Tacaíochta EMU/IMF d'Éirinn, tá riail íoc pras cuntas 15 lá i bhfeidhm ag Comhairle Contae Fhine Gall.

Rinneadh monatóireacht leanúnach ar leibhéal agus ar chineál na sonrasc atá fós le híoc agus glacadh céimeanna i gcás gur iomchuí é chun a cinntiú go rabhthas ag cloí leis an Acht.

Le linn 2011 níor thabhaigh an Chomhairle aon phionós úis agus íocadh 94.70% de shonraisc laistigh de thréimhse 15 lá.

**Táscairí Feidhmíochta**

| | 2014 | 2013 | 2012 |
|---|---|---|---|
| Rátaí Tráchtála<br>(Méid a bailíodh mar % den méid dlite) | 92.00% | 90.18% | 83.13% |
| Muirir Thráchtala Uisce/Dramhuisce<br>(Méid bailithe mar % den méid dlite) | 70.28% | 74.89% | 69.52% |

## RÁITEAS CUNTAIS IONCAIM

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2014

| **Caiteachas** | DRÉACHT 2014<br>€ | 2013<br>€ |
|---|---|---|
| Tithíocht & Tógáil | 34,364,128 | 35,109,627 |
| Bóithre, Iompar & Sábháilteacht | 22,518,469 | 22,000,524 |
| Uisce & Séarachas | 24,370,237 | 44,161,673 |
| Dreasachtaí & Rialuithe Forbartha | 15,120,871 | 14,233,713 |
| Cosaint Comhshaoil | 33,733,094 | 34,855,279 |
| Áineas & Conláistí | 32,459,319 | 30,149,698 |
| Talmhaíocht, Oideachas, Sláinte & Sábháilteacht | 2,501,226 | 4,011,113 |
| Ilgnéitheach | 16,528,499 | 18,586,228 |
| **Ollchaiteachas Iomlán** | **181,595,843** | **203,107,855** |
| **Ioncam** | | |
| Tithíocht & Tógáil | 36,225,160 | 33,623,914 |
| Bóithre, Iompar & Sábháilteacht | 8,010,571 | 8,551,272 |
| Uisce & Séarachas | 27,349,668 | 13,167,592 |
| Dreasachtaí & Rialuithe Forbartha | 4,096,940 | 2,752,581 |
| Cosaint Comhshaoil | 4,036,078 | 4,313,928 |
| Áineas & Conláistí | 3,627,172 | 3,225,024 |
| Talmhaíocht, Oideachas, Sláinte & Sábháilteacht | 1,451,419 | 2,701,531 |
| Ilgnéitheach | 6,674,281 | 8,287,803 |
| **Ollioncam** | **91,471,289** | **76,623,645** |
| **Ollchaiteachas**<br><br>*Arna mhaoiniú ag:* | 90,124,554 | 126,484,210 |
| Rátaí Contae | 119,459,309 | 119,258,645 |
| Ciste Rialtais Áitiúil | 454,714 | 19,619,590 |
| Asbhaint Pinseanbhainteach | 3,244,561 | 3,442,498 |
| **IOMLÁN** | 123,158,584 | 142,320,733 |
| Barrachas/(Easnamh) don Bhliain roimh Aistrithe | 33,034,029 | 15,836,523 |
| Aistrithe ó/(chuig) Cúlchistí | (33,013,721) | (17,365,258) |
| | 20,308 | (1,528,735) |
| Iarmhéid tosaigh @ 1 Eanáir | 15,947,275 | 17,476,010 |
| **Iarmhéid Deiridh @ 31 Nollaig** | 15,967,583 | 15,947,275 |

## RÁITEAS CUNTAIS CHAIPITIL

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2014

| Caiteachas (Glan ar Aistrithe Inmheánacha)* | DRÉACHT 2014 € | 2013 € |
|---|---|---|
| Tithíocht & Tógáil | 23,564,654 | 19,825,731 |
| Bóithre, Iompar & Sábháilteacht | 16,501,067 | 43,459,539 |
| Uisce & Séarachas | 2,170,304 | 43,562,201 |
| Dreasachtaí & Rialuithe Forbartha | 21,858,388 | 9,944,696 |
| Cosaint Comhshaoil | 1,569,778 | 1,627,206 |
| Áineas & Conláistí | 7,981,931 | 7,688,155 |
| Ilghnéitheach | 726,791 | 319,866 |
| | **74,372,913** | **126,427,394** |
| **Ioncam (Glan ar Aistrithe Inmheánacha)*** | | |
| Tithíocht & Tógáil | 26,727,801 | 22,739,470 |
| Bóithre, Iompar & Sábháilteacht | 12,654,320 | 19,269,048 |
| Uisce & Séarachas | 6,718,839 | 46,591,901 |
| Dreasachtaí & Rialuithe Forbartha | 25,466,728 | (14,338,819) |
| Cosaint Comhshaoil | 24,122,525 | 4,912,911 |
| Áineas & Conláistí | (8,424,430) | 6,557,692 |
| Seirbhísí Ilghnéitheacha | 6,182,355 | 3,079,262 |
| | **93,448,138** | **88,811,465** |
| **Barrachas (Easnamh) don bhliain** | **19,075,225** | **(37,615,929)** |
| Iarmhéid (Dochar)/Sochar @ 1 Eanáir | 30,767,894 | 68,383,822 |
| **Iarmhéid (Dochar)/Sochar @ 31 Nollaig** | **49,843,119** | **30,767,893** |

*Ní áiríonn sé seo aistrithe inmheánach, ach áiríonn sé aistrithe chuig an gcuntas Ioncaim agus ón gcuntas sin.

# An Roinn Acmhainní Daonna

Bhí ról tábhachtach ag an Roinn Acmhainní Daonna athuair ag obair i gcomhar le Stiúrthóireachtaí na seirbhísí ar roinnt tionscadal Athstruchtúraithe Eagraíochta a raibh mar aidhm acu éifeachtacht agus soláthar seirbhíse a chothú i bhfianaise gur laghdaíodh líon na mball foirne.

Caitheadh dua suntasach freisin le daoine a earcú faoi scéim an Rialtais Gateway Labour Activation. Ag deireadh 2014, bhí 127 nduine fosaithe sna tionscadail éagsúla Gateway.

D'éirigh leis an Aonad Sláinte agus Sábháilteachta, don 4ú bliain as a chéile, gradam a bhaint amach sna Gradaim Sábháilteachta Gairme Bhliantúla, mar aitheantas ar na cleachtais oibre bainistíochta sábháilteachta atá i bhfeidhm sa soláthar seirbhíse.

Chomh maith leis sin, bhronn an Institiúid Éireannach um Oiliúint agus Forbairt an Gradam Barr Feabhais don Oiliúint ar an Roinn Acmhainní Daonna mar aitheantas ar an obair a rinneadh ar an gclár 'Taithí Oibre' do mhic léinn na hidirbhliana.

**Acmhainní Foirne**
Bhí 1251 bhall foirne (CLA) fostaithe ag Comhairle Contae Fhine Gall ag deireadh na bliana 31/12/2014 mar atá sonraithe sa tábla seo thíos:-

| | |
|---|---|
| Riarachán | 472 |
| Gairmiúil | 129 |
| Teicniúil | 157 |
| Ceardaíocht | 73 |
| Oibrithe Ginearálta | 420 |
| **Iomlán** | 1251 |

**Baill Foinre atá Éirithe As**
D'éirigh 36 bhall foirne as a bpost leis an gComhairle in 2014.

**Oiliúint Foirne**

- Reáchtáladh 248 gcúrsa oiliúna in 2014 mar ar cuireadh 2,556 Lá Oiliúna ar fáil don fhoireann

- Bhain 27 bhfostaí leas as an Scéim Oideachais Foirne in 2014

**Caidrimh Thionsclaíocha**
Choinnigh an Chomhairle a thaifead maith tionsclaíoch.

**Sláinte & Sábháilteacht**
Thug an Chomhairle faoi na gníomhaíochtaí seo a leanas in 2014:
- 300 cigireacht sábháilteachta
- 57 iniúchadh sábháilteachta.

**Táscaire Feidhmíochta**

| | |
|---|---|
| Sláinte Chorparáideach | Laghdaíodh an céatadán de laethanta caillte de bharr breoiteachta chuig 4.11% (ó 5.49% in 2013) |

# An Roinn Teicneolaíochta Faisnéise

Tá an Rannóg Teicneolaíochta Faisnéise (TF) freagrach as úsáid straitéiseach na dteiceolaíochtaí faisnéise i gComahirle Contae Fhine Gall chun tacú le réimsí gnó i soláthar a gcuspóirí trí thíosacht agus éifeachtacht níos fearr a bhaint amach.

Cumasaíonn an Rannóg TF soláthar seirbhísí do shaoránaigh, don fhoireann agus d'ionadaithe tofa poiblí ar an iliomad bealaí éagsúla amhail deasc tosaigh, gléasanna ar an bhfón póca, an t-idirlíon agus teicneolaíochtaí iolracha amhail GIS agus Web 2.0. Tá na teicneolaíochtaí digiteacha seo ag cuidiú linn athrú claochlaitheacha a dhéanamh i soláthar seirbhísí Chomhairle Contae Fhine Gall.

**Tionscadail Náisiúnta**
Bhí Comhairle Contae Fhine Gall i bhfeighil dhá mhórthionscadal náisiúnta in 2014 –

- Córas Bainistithe Rialaithe Foirgníochta (BCMS)

  Cuireadh i bhfeidhm go sásúil, i gcomhar leis an nGníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil (LGMA), céim 1 den BCMS náisiúnta ar líne de réir sceidil chun tacú leis na Rialacháin nua um Rialú Foirgníochta. Tá an córas digiteach seo nuálaíoch, sa mhéid gurb é an chéad tairseach ar líne aonair náisiúnta é a úsáideann teicneolaíochtaí Foinse Oscailte.

- Bainistiú Eolais & Sonraí Oscailte

  Cuireadh i bhfeidhm suíomh gréasáin Sonraí Oscailte náisiúnta an Rialtais Áitiúil – http://data.localgov.ie – i gcomhar le LGMA agus baineadh úsáid as chun torthaí na dToghchán Áitiúil a fhoilsiú. D'fhoilsigh formhór na nÚdarás Áitiúl na torthaí beo ar an suíomh gréasáin seo de réir mar a fógraíodh iad.

Chomh maith leis sin, ceapadh Comhairle Contae Fhine Gall ar an gcéad Údarás Áitiúil chun uasghrádú a dhéanamh ar Chóras Airgeadais Agresso ar fud na nÚdarás Áitiúil.

In 2014, ghlac Éire ballraíocht leis an gComhpháirtíocht Idirnáisiúnta Oscailte Rialtais. Ghlac Comhairle Contae Fhine Gall páirt sa phróiseas agus bhí sé ina ionadaí ar Ghrúpa Oibre Comhlachtaí Poiblí maidir le Sonraí Oscailte.

**Gradam Barr Feabhais sa Rialtas Áitiúil**
Bhuaigh Comhairle Contae Fhine Gall agus LGMA an Comhghradam Tionscnaimh Údaráis Áitiúil ag na gradaim Chambers Ireland Excellence in Local Government Awards 2014 d'fhorbairt agus do chur i bhfeidhm an Chórais náisiúnta Rialaithe Foirgníochta.

**Tionscadail Réigiúnacha**
Lean obair ar aghaidh ar dhá thionscadal réigiúnacha –

- Leabharlanna

  Rinneadh tionscadal náisiúnta de Chóras Bainistithe Faisnéise Leabharlann Réigiún Bhaile Átha Cliath in 2014. Rinneadh dul chun cinn ar shonraíocht agus sholáthar an chórais in 2014 agus cuirfidh Údaráis Áitiúla Bhaile Átha Cliath é i bhfeidhm in 2015.

- Tairseach ríomhphleanála

  Cuireadh chun cinn an obair ar an tionscadal Tairsí ríomhphleanála mar a mbeifear in ann Iarratais Phleanála a chur faoi bhráid Údaráis Áitiúla Bhaile Átha Cliath ar líne tráth a gcuirfear an córas i bhfeidhm in 2015.

Chomh maith leis sin, chuir Údaráis Áitiúla Bhaile Átha Cliath leis an méid comhoibrithe a dhéanann siad i réimse na Teicneolaíochta Faisnéise, go háirithe trí chreata soláthair comhroinnte mar shampla seirbhísí TF a sholáthar do Bhaill Thofa.

**Tionscadail Fhine Gall**
D'éirigh leis an Roinn TF 23 thionscadal a chríochnú i gcomhar leis na Ranna éagsúla den Chomhairle le linn 2014, lena n-áirítear –

- Córas Teileafóin

  Athsholáthraíodh go hiomlán an córas reatha teileafóin le córas nua digiteach Athghuthaithe IP.

- Uasghrádú Windows 7

  Tugadh faoi mhórthionscadal chun uasghrádú a dhéanamh ar ríomhairí na foirne go léir le córas oibriúcháin Windows 7 maille le bogearraí táirgiúlachta Office 2010 agus cuireadh an tionscadal sin i gcrích faoi dheireadh mhí Márta 2014.

- Toghcháin Áitiúla

  Freastalaíodh ar riachtanais TF agus ar chórais tacaíochta don chomhaireamh sa Toghchán Áitiúil.

- TF do Chomhairleoirí

  Cuireadh i bhfeidhm seirbhís bhainistithe TF do Bhaill Thofa na Comhairle nua.

- Aip do Chruinnithe Comhairle

  Seoladh an aip mod.gov mar ar cuireadh rochtain ar fáil ar Chláir Chruinnithe agus Miontuairiscí chruinnithe na Comhairle.

- Tuairisciú Tithíochta agus Bainistiú Tiarnaí Talún

Cuireadh i bhfeidhm seirbhísí nua tuairiscithe digiteacha sa Roinn Tithíochta ag soláthar tuarascálacha uathghinte agus comhéadain rialaithe agus is féidir anois tuairisciú ad hoc a dhéanamh. Cuireadh i bhfeidhm freisin modúl chun cuidiú leis an mbainistiú ar Thiarnaí Talún.

- GeoChód

  Rinneadh a lán oibre ar Gheochódáil a dhéanamh ar an gClár Toghthóirí, Rátaí, agus ar bhunachair Tithíochta & Leabharlann agus beifear in ann Eirochóid (postchóid nua) a thabhairt isteach in 2015.

- Bainistiú Imeachtaí

  Cuireadh i bhfeidhm córas imeachtaí chun sonraí a fhoilsiú faoi imeachtaí Comhairle, Turasóireachta agus Pobail ar shuíomh gréasáin na Comhairle.

- Seomra na Comhairle


  Rinne an Roinn TF bainistiú ar uasghrádú teicneolaíochta do Sheomra Nua Comhairle lena n-áirítear Vótáil Leictreonach, Micreafón Ardfheidhmiúlachta do Thoscairí agus córas fuaime, craoladh gréasáin Ardsonraíochta, Cur i Láthair Gan Sreang, WiFi feabhsaithe, agus teicneolaíochtaí feabhsaithe uasghrádaithe Teilgin & Fístaispeána.

- Uiríll na gComhairleoiri

  Cuireadh i bhfeidhm córas ar líne, ag tógáil ar an obair a rinne Comhairle Bhaile Átha Cliath Theas agus Chathair Bhaile Átha Cliath ionas go mbeadh Comhairleoirí in ann uiríll a dhéanamh agus súil a choinneáil ar na huiríll sin.

- Seirbhís Foláirimh agus Fógraí


  Seoladh seirbhís Foláirimh Fhine Gall ar shuíomh gréasáin Fingal.ie chun foláirimh agus fógraí a chur ar fáil do shaoránaigh – ag tosú le foláirimh agus fógraí mar gheall ar Uisce agus Aimsir.



*Córas Foláirimh Fhine Gall*

**Deasc Seirbhíse**
D'ardaigh an líon glaonna a fuarthas ag an Deasc Seirbhíse TF faoi 34% in 2014. Bhain formhór na nglaonna breise seo leis an gcóras nua teileafóin athghuthaithe IP a bhí ina fhreagracht nua ar an Roinn TF in 2014.

| Staitisticí maidir le Glaonna | 2014 | 2013 | 2012 |
|---|---|---|---|
| Glaonna logáilte leis an Deasc Seirbhíse | 6,290 | 4,684 | 4,276 |
| Meánlíon glaonna in aghaidh na míosa | 524 | 390 | 356 |
| Meánlíon glaonna in aghaidh an lae | 17 | 13 | 11 |
| Réitithe laistigh de 24 huaire | 58% | 44% | 47% |


Glaonna ar an Deasc Seirbhíse 2014
Hardware 8%
Web 7%
Printing 6%
Software 5%
Mobile Devices 2%
Maps & GIS 1%
Applications 11%
Email 13%
Miscellaneous 14%
Voip 15%
Network & Remote Access 18%

# An Roinn Dlí

Cuireann an Rannóg Dlí seirbhís chuimsitheach dlí intí ar fáil don Bhainisteoir Contae agus do gach Rannóg sa Chomhairle, maidir le cúrsaí a bhaineann le raon leathan, éagsúil fheidhmeanna reachtúla na Comhairle. I measc na seirbhísí sin tá:-

- Comhairliúchán le cliant-rannóga i ndáil le soláthar thionscnamh agus sheirbhís na Comhairle
- Comhairle a sholáthar do rannóga i ndáil le haon saincheist ag eascairt ó chásdlí agus an creat rialála ag rialú na n-údarás áitiúil
- Oiliúint a sholáthar do Rannóga na Comhairle.
- Ionadaíocht a dhéanamh ar an gComahirle ag eadránú agus ag éisteachtaí béil
- Déileáil le héadálacha agus diúscairt mhaoin na Comhairle lena n-áirítear
    - Comhaontuithe/ceadúnais do chlubanna agus ionaid phobail
    - Léasanna tráchtála shuíomhanna tionsclaíocha na Comhairle
    - Tiomnú spásanna oscailte
    - Ceannach amach cothromais
    - Céadchlárúcháin
    - Iasachtaí agus morgáistí
    - Úinéireacht roinnte
    - Ceannach ag tionóntaí faoi scéimeanna ceannaigh
    - Scéimeanna deonacha tithíochta
- Cásanna a thionscnamh agus a chosaint sa Chúirt Dúiche, sa Chúirt Chuarda agus san Ard-Chúirt, lena n-áirítear an Chúirt Tráchtála agus an Chúirt Uachtarach lena n-áirítear
- Sáruithe conartha,
- Díospóidí i ndáil le talamh,
- Bailiú fiach, lena n-áirítear bailiú rátaí, breithiúnais agus morgáistí breithiúnais, urghairí,
- Éilimh dliteanais fostóirí
- Athshealbhú tithíochta mar thoradh ar gan cíos/morgáiste a íoc agus ar iompraíocht fhrithshóisialta,
- Urghairí faoi alt 160 den Acht um Pleanáil agus Forbairt
- Imeachtaí d'athbhreithniú breithiúnach
- Imeachtaí sa Chúirt Dúiche ar bhonn seachtainiúil i ndáil le nithe amhail cionta bruscair, cionta pleanála, smachtú madraí, truailliú aeir, fodhlíthe faoi dheochanna meisciúla, cúrsaí tithíochta agus toghairmeacha le haghaidh rátaí
- Dliteanas faoi dhíobháil phearsanta
- Bainistiú dramhaíola
- Foghail and núis.

Leanadh den athbhreithniú agus uasghrádú ar chóras bainistithe cásanna in 2014, atá ina uirlis éifeachtach sa soláthar seirbhísí dlí. In 2014, cuireadh oiliúint leanúnach ar fáil don fhoirean ar raon leathan cúrsaí i réimse den fhorbairt ghairmiúil, eolas dlí agus TF.

# Rannóg na Leabharlann

An 31 Márta 2014, osclaíodh craobhleabharlann is déanaí Fhine Gall in Ionad Pobail agus Fóillíochta Dhomhnach Bat. Suíomh ar leith atá ann sa mhéid go bhfuil an leabharlann ar an suíomh céanna leis an ionad fóillíochta. Má chuirtear an leabharlann seo san áireamh tugann sé sin líon na leabharlann i bhFine Gall go dtí 10. San áireamh sa líonra seo freisin tá an tseirbhís shoghluaiste agus an tseirbhís do dhaoine atá gafa sa teach agus an Rannóg Staidéir Áitiúil agus Cartlainne. Thug 1.15m duine cuairt ar leabharlanna Fhine Gall in 2014; tá díreach breis is 65% de dhaonra Fhine Gall ina mbaill chláraithe; agus tá an meánlíon d'uaireanta oscailte againn níos airde ná aon áit eile sa tír – is é sin díreach faoi bhun 45 uaire sa tseachtain.




**Seirbhísí Digiteacha**

D'ardaigh úsáid na seirbhísí digiteacha i leabharlanna Fhine Gall faoi 43.4% ó 2013 i leith le beagnach 38,000 teaghlach ag glacadh páirte ann in 2014. Tá ríomh-nuachtlitir ar líne le fáil anois Library Press Display, ar féidir le baill na leabharlainne breathnú air ag úsáid a gcárta leabharlainne agus is féidir leo teacht ar bhreis is 3,000 saothar ó bhreis is 100 tír i 60 teanga ag úsáid na háise sin. Tá an-tóir air, agus breathnaíodh ar bhreis is 5,700 foilseachán idir Meitheamh agus Nollaig.

**Nuáil**

Bíonn leabharlanna Fhine Gall ar a ndícheall bheith nuálaíoch agus feabhas a chur ar a seirbhísí don phobal. I mí na Nollag 2014 bhíomar ar an gcéad leabharlann de chuid an údaráis áitiúil in Éirinn Aip a sheoladh, ag soláthar rochtain 24/7 ar ghléasanna móibíleacha ar ár seirbhísí go léir. Féadfaidh úsáideoirí na leabharlainne uaireanta oscailte a sheiceáil, an chatalóg a chuardach, míreanna a chur in áirithe agus nuachtáin agus irisí a léamh óna ngléas móibíleach. Rinneadh uasghrádú ar shaoráidí féinseirbhíse don phobal i Leabharlanna Bhaile Brigín, Bhaile Bhlainséir, Mhullach Íde, an Rois agus Shoird. Tá córas aonair leabharlainne do leabharlanna poiblí á thabhairt isteach thar an gcéad dá bhliain eile. Ta leabharlanna Fhine Gall ina chuid den chéad chéim forfheidhmiúcháin agus bogfar ar aghaidh chuig an gcóras nua i lár 2015.



**Clár Imeachtaí**
Ghlac na míllte daoine páirt in 2014 i Leabharlanna Fhine Gall agus cuireadh go mór leis an eolas faoi riachtanais ilghnéitheacha bhaill na leabharlann. I measc na mbuaicphointí bhí Summer Reading Buzz, Battle of the Castle, bunranganna sa chódú do dhaoine óga agus Cake and Bake Club a thaitin go mór le leanaí agus a dtuismitheoirí.

Mar chomóradh ar Chath Chluain Tarbh reáchtáladh cainteanna idirghníomhacha agus comórtas filíochta mar aon le sraith ceardlann i scoileanna, agus ag a dheireadh reáchtáladh searmanas gradam i Seomra na Comhairle.

Bíonn na leabharlanna ag obair i gcomhar fós le tionscnaimh atá ar bun cheana féin agus le páirtithe nua lena n-áirítear Tionscadal Club Capall Dhún Scine, the Big Sports Quiz leis an Oifig Spóirt agus One City, One Book le Baile Átha Cliath Cathair Leabharlann UNESCO.



**Straitéis Litearthachta Luath-Bhlianta**

Le linn 2014, lean foireann na leabharlainne ag cur i bhfeidhm agus ag forbairt na 10 bpríomhbheart arna leagan amach i Straitéis Litearthachta Luathbhlianta Leabharlanna Fhine Gall: *The Youngest Ages Can Turn Pages.* Áiríodh ina measc seisiúin eolais do chreiseanna agus bunscoileanna, bileoga eolais a chur ar fáil maidir le héisteacht agus léitheoireacht le leanaí agus tionscnamh scéalaíochta do chreiseanna pobail.



**Cumarsáid**

Chun nuacht a scaipeadh faoinár gclár imeachtaí agus faoin raon seirbhísí a chuirimid ar fáil, chuireamar físeán ar fáil dar teideal "Where books are just the beginning" ar féidir breathnú air ar ár suíomh gréasáin agus ar YouTube. Bímid ag plé ar bhonn gníomhach lenár mbaill ar na meáin shóisialta Facebook agus Twitter agus ó mhí Aibreáin 2014 i leith clúdaíonn ár mblag raon leathan topaicí mar shampla na 10 leabhar peile is fearr agus leabhair faoi ábhar ar nós stair an pháipéir agus na leabharlainne.

**Europe Direct**

Is éard is Ionad Europe Direct ann i Leabharlann Bhaile Bhlainséir ná nasc áitiúil leis an Eoraip do shaoránaigh Fhine Gall. Bíonn imeachtaí téamacha ar siúl san Ionad agus cuirtear eolas agus comhairle ar fáil ann freisin don phobal faoi gach gné den Aontas Eorpach, chomh maith le fóram don rannpháirtíocht agus don idirghníomhaíocht. In 2014, reáchtáladh 75 imeacht san ionad, lena n-áirítear ceardlanna do chuardaitheoirí post agus seisiúin faoi ghnó a dhéanamh san AE. D'fhreagair an tIonad breis is 2,000 fiosrú in 2014 tríd an ríomhphost, duine le duine nó ar an teileafón. Thug an tAire do Ghnóthaí Eorpacha ag an uair, Pascal Donohue agus Leas-Mhéara Fhine Gall, Ted Leddy cuairt ar an Ionad ar Lá na hEorpa chun bileoga eolais a sheoladh maidir le taisteal agus siopadóireacht ar líne

san AE. I mí Eanáir 2014 bronnadh stádas ar Leabharlann Bhaile Bhlainséir freisin mar Ionad Eurodesk ag soláthar eolais saor in aisce ar chúrsaí Eorpacha do dhaoine óga. Seo an chéad uair go ndearnadh cuid den líonra Eurodesk de leabharlann phoiblí.

**Leabharlanna Soghluaistea agus Seirbhís do Dhaoine atá Gafa sa Teach**

Tá 4 veain shógluaiste ar fud an Chontae ag freastal ar scoileanna, ionaid chónaithe agus láithreáin stad an lucht siúil. Tugann an veain do dhaoine gafa sa teach cuairt ar thithe agus ar aonaid chúraim phobail. Ó am go chéile déantar busanna scéalaíochta dár veaineanna soghluaiste agus tagann leanaí ó chreiseanna pobail ar bord chun éisteacht le scéalta.

**Staidéir Áitiúla agus Cartlanna**

Leanadh ag forbairt na mbailiúchán le linn 2014, ag díriú go háirithe ar ábhar a fháil chun taighde a éascú ar imeachtaí stairiúla a raibh baint acu le cruthú an tsaorstáit. Tá tábhacht ar leith ag baint le Bailiúchán Stairiúil Béil 1916 a áiríonn giotaí ó ghaolta na bhfear ó thuaisceart Bhaile Átha Cliath a ghlac páirt in Éirí Amach na Cásca 1916. Reáchtáladh sraith de léachtaí cuimhneacháin a raibh tinreamh maith ann dóibh, in 2014.

Reáchtáil an tSeirbhís Chartlainne taispeántas dar teideal *The Vikings in Fingal* mar chomóradh ar mhíle bliain ó tharla Cath Chluain Tarbh. Tugadh an taispeántas ar chamchuairt mórthimpeall na leabharlann sular cuireadh é ar taispeáint i Séipéal Chaisleán Shoird i mí Aibreáin le linn na féile Lochlannaí.

Baineadh leas as litreacha ón bhFronta sa Fhrainc agus i bhFlónras le linn an Chogaidh, a sheol Lt. Col. Richard Hely-Hutchinson abhaile chuig a chlann, mar bhunús don taispeántas *The Hely-Hutchinsons of Swords and the Great War*. Scríobhadh alt faoin taispeántas san *Irish Times* agus bíonn sleachta ó na litreacha maille le grianghraif le feiceáil gach mí ar shuíomh gréasáin na Comhairle.

Aistríodh taifid Choimisinéirí Baile/Chomhairle Bhaile Brigín chuig an gCartlann. Leanadh den athcheangal ar thaifid na Comhairle, mar ar ceanglaíodh gach Clár Toghthóirí a bhí ag Comhairle Contae Fhine Gall sa tréimhse 1994-2010.

| TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA | 2014 | 2013 | 2012 |
|---|---|---|---|
| Míreanna faighte ar iasacht | 1,022,975 | 1,077,122 | 1,192,968 |
| Baill Chláraithe | 179,869 | 157,403 | 160,308 |
| Uaireanta Úsáide Idirlín | 149,014 | 141,455 | 134,734 |
| Cuairteanna Suímh Gréasáin (*Leathanach Baile Amháin*) | 59, 597 | 76,847 | 70,709 |
| Amharc uathúil ar an suíomh gréasáin* | 473,376 | 377,787 | 373,684 |
| Meánlíon na n-uaireanta oscailte don phobal in aghaidh na seachtaine do leabharlanna lánaimseartha | 44.94 | 44.71 | 47.94 |
| Meánlíon na n-uaireanta oscailte don phobal in aghaidh na seachtaine do leabharlanna páirtaimseartha | 24.5 | 27 | 23 |
| Líon na mball cláraithe leabharlainne mar % den daonra áitiúil (daonáireamh 2011) | 65.65% | 57.45% | 58.51% |
| Líon na míreanna eisithe in aghaidh an duine sa daonra (ar fud na tíre) le haghaidh<br>(a) Leabhar<br>(b) Míreanna Eile<br>**(c)** Iomlán: Leabhair móide mír eile | 2.91<br>0.82<br>3.73 | 2.94<br>0.99<br>3.93 | 3.15<br>1.20<br>4.35 |
| % na leabharlann a chuireann rochtain idirlín ar fáil don phobal | 100% | 100% | 100% |
| Líon na seisiún Idirlín in aghaidh an 1000 duine den daonra | 545.84 | 516.25 | 493.53 |
| Caiteachas an chiste Leabhar in aghaidh an duine | 2.55 | 2.52 | 2.37 |
| Cuairteanna tugtha ag an bpobal ar leabharlanna Fhine Gall | 1,150,074 | 1,156,018 | 1,232,394 |

* *Amharc uathúil leathanach de réir mar atá sainithe ag Google Analytics – is é sin líon na seisiún ina n-amharclann an t-úsáideoir céanna ar leathanach uair amháin nó níos mó.*

# An Roinn Oibríochtaí

Tá an Roinn Oibríochtaí freagrach as cothabháil agus feabhsúchán ginearálta na mbóithre, na bpáirceanna agus na spásanna oscailte chomh maith le tírdhreachú, cothabháil crann agus bailiú bruscair i ngach limistéar poiblí i bhFine Gall. Áiríonn sin freisin freagracht as tránna, cuanta agus saoráidí poiblí.

In 2014 tháinig cúram as Páirceanna Réigiúnacha Dhiméin Mhullach Íde, Dhiméin Ard Giolláin, Dhiméin an Droichid Nua, Dhiméin Sheantrabh agus San Caitríona faoi scáth na Roinne Oibríochtaí.

## IOMPAR

Tá Comhairle Contae Fhine Gall freagrach as bainistiú agus gluaiseacht daoine, feithiclí, ainmhithe agus earraí ar bhealach sábháilte, éifeachtach, tíosach ó áit go háit i bhFine Gall tríd an gcóras de líonraí bóithre poiblí.

Seo a leanas na príomhphíosaí reachtaíochta a bhfuil tionchar acu ar na gníomhaíochtaí sin:

- Na hAchtanna Bóithre 1993 - 2007
- Na hAchtanna um Thrácht ar Bhóithre 1961 to 2008
- Na hAchtanna Rialtais Áitiúil (Pleanáil & Forbairt) 2000 – 2011

### Próiseas Iompair/Raon Seirbhísí

Cuirtear raon leathan de sheirbhísí ar fáil do Chontae Fhine Gall, lena n-áirítear feabhsú, cothabháil agus soilsiú bóithre, cur i bhfeidhm na mbeart bainistithe tráchta agus feidhmiú Rannóige Sábháilteachta Bóithre agus seirbhís maoir scoile. Tá an roinn freagrach freisin as bóithre nua a thógáil i gcúram, as dúnadh sealadach agus buan bóithre, as fodhlíthe a dhéanamh maidir le bóithre agus nithe bainteacha (e.g. luasteorainneacha, spásanna páirceála etc.).

### Trácht

Déileáiltear le raon leathan de shaincheisteanna rialaithe, pleanála agus bainistithe tráchta:

- Bainistiú an Éilimh Taistil – a bhfuil mar bhunphrionsabal aige roghanna inbhuanaithe eile ar úsáid an ghluaisteáin a chur chun cinn, i.e. saoráidí níos fearr iompair phoiblí, líonraí siúlóide agus rothaíochta a phleanáil, pleananna bainistithe rothaíochta agus soghluaisteachta etc.
- Comharthaí bóthair a sholáthar agus a chothú.
- Comharthú agus marcáil bóithre ar an líonra bóithre.
- Feabhsú ar líonraí siúlóide agus rothaíochta, chun feabhas a chur ar shábháilteacht coisithe agus rothaithe, trácht a mhaolú, feabhas a chur ar inrochtaineacht

d'úsáideoirí bóthair atá faoi mhíchumas soghluaisteachta agus bainistiú éifeachtach a dhéanamh ar pháirceáil.

- Éascú a dhéanamh ar fheabhsúcháin ar an líonra bus i gcomhar leis an Údarás Náisiúnta Iompair (NTA).
- Is éard atá sa tionscadal Smarter Travel beartas an Rialtais d'iompar in Éirinn. Foilsíodh "Smarter Travel, "A Sustainable Transport Future, A New Transport Policy for Ireland 2009 – 2020", agus "Ireland's First National Cycle Policy Framework" chun bealaí a fhorbairt a chuireann chun cinn modhanna inbhuanaithe taistil, go háirithe rothaíocht.
- Sábháilteacht ar bhóithre a chur chun cinn.

| **Eilimintí Tráchta in 2014** | **Iomlán (RMS - cianchóras monatóireachta)** |
|---|---|
| Comharthaí Tráchta ag acomhail<br>Comharthaí do Choisithe<br>Trasbhealaí Túcan<br>Athchóiriú ar chomharthaí LED | 102 (97 ar RMS)<br>93 (89 ar RMS)<br>43 (42 ar RMS)<br>2 Bóthar na Gráinsí, Bóthar Willie Nolan, Bóthar Bhaile Átha Cliath, Búlbhard Chois Bá |
| Comharthaí don Mhaor Scoile<br>Trasrianta Síogacha | 40<br>22 |
| Geataí Bus<br>Léitheoirí Luais/comharthaí atá gníomhachtaithe ag feithiclí | 1<br>36 |

**Tionscadail maidir le hIompar Inbhuanaithe**

In 2014 rinneadh dul chun cinn ar na tionscadail seo a leanas:

- Críochnaíodh Líonra Rothar Ongar Theach Chainnigh i mí Feabhra 2014. Faoin scéim seo dírítear go háirithe ar bhealaí chun na scoile, agus feabhas a chur ar an mbonneagar siúlóide agus rothaíochta i limistéar Bhaile Bhlainséir. Cuireadh trasrianta nua le comharthaí ar fáil do choisithe chun feabhas a chur ar shábháilteacht i mBaile an Huntaigh Ongar Teach Cainnigh. 5 thúcan, 10 dtrasrian shíogacha
- Cuireadh i gcrích an obair thógála ar 2.4Km den Chanáil Ríoga faoin scéim bealaigh ghais. Faoin scéim seo rinneadh uasghrádú ar an gcosán tarraingthe feadh na canálach idir Baile an Ásaigh agus Caisleán Cnucha agus áiríodh san obair sin athdhromchlú, agus soilsiú poiblí nua agus CCTV a chur ar fáil.
- Rinneadh oibreacha feabhsúcháin ar na rampaí maolaithe tráchta in áiteanna éagsúla ar fud an chontae.
- Críochnaíodh seachbhóthar an Tobair Naofa le linn 2014. Áiríodh san obair sin cosáin agus raonta rothar chomh maith le 2 thrasrian túcan agus 2 thrasrian shíogacha.

- Cuireadh i gcrích oibreacha chun feabhas a chur ar inrochtaineacht an líonra cosán i gCill Fhionntain in aice le Scoil Náisiúnta Fhiontain.
- Leanadh leis an obair dhearaidh le linn 2014 chun scéimeanna nua inbhuanaithe iompair a fhorbairt lena n-áirítear bealaí tosaíochta Rothar i mBaile Átha Cliath 15, raon Rothar Shoird go Cill Fhionntain, Bealach Glas na Canálach Ríoga (Caisleán Cnucha go Maigh Nua) agus feabhsúcháin iompair phoiblí ó Shord go Cathair Bhaile Átha Cliath.
- Cuireadh feabhas ar an gcosán agus an bhacainn coisithe ag Scoil Naomh Mochta i mBaile an Phóirtéaraigh feadh an bhóthair le marcáil nua ar an mbóthar agus comharthaí nua maoir scoile.
- I mBaile Brigín suiteáladh rampa chun feabhas a chur ar inrochtaineacht idir Ard Chluain Ioraird agus Bóthar Anraí Mhic Raghnaill.
- Cuireadh chun cinn roinnt scéimeanna sábháilteachta bóithre trí úsáid a bhaint as comharthaíocht gníomhachtaithe ag feithiclí agus comharthaí eile.

### Luasteorainneacha

D'ullmhaigh an Roinn Oibríochtaí fodhlíthe nua maidir le luasteorainneacha do bhóithre áitiúla agus réigiúnacha i bhFine Gall agus d'fhaomh an Chomhairle iad le linn 2014.

### Íoc agus Taispeáin

Leanadh ag feidhmiú go héifeachtach na Scéimeanna Íoc agus Taispeáin sna bailte seo: Mullach Íde, Baile Brigín, Na Sceirí, Sord, An Ros agus Cluain Saileach/Geata an Phóirtéaraigh.

### Cothabháil Bóithre

Thug an Roinn Oibríochtaí, ag feidhmiú ó Iostaí i mBaile Brigín, Sord agus an Chúil Mhín faoi Chlár Fairsing Oibreacha le linn 2014 a chuimsigh athdhromchlú, cóiriú dromchla, daingniú, draenáil agus oibreacha maolaithe tuillte, machaillí a leigheas ag eascairt ó ró-úsáid agus deisiúcháin sclaige ar bhóithre faoin tuath is mó a bhí ina ngátar. Tá cothabháil geimhridh ina bhunchuid shofaisticiúil den chlár oibríochtaí, ag tosú I mí na Samhna agus ag leanúint ar aghaidh go dtí mí Aibreáin. Bunaíodh córas de Mhapáil Theirmeach ar an bpríomhlíonra bóithre agus bunaíodh léamha ó stáisiúin aimsire atá suite go straitéiseach ar na bealaí sin, a cuireadh isteach sa chóras ríomhairí, agus ansin déanann an t-údarás leathadh salainn/leathadh grin dá réir.

### Bainistiú Flít agus Innealra ar Cíos

Déanann an Rannóg um Bainistiú Flít agus Innealra ar Cíos (FMPH) bainistiú ar an bhflít agus ar riachtanais innealra ar cíos le haghaidh Chomhairle Contae Fhine Gall. In 2014, rinne FMPH bainistiú ar an bhflít a bhaineann leis an gcomhairle de bhreis is 380 feithicil agus píosa innealra agus rinne próiseáil ar 631 iarratas d'innealra ar cíos.

**An Rannóg um Shoilsiú Poiblí**
Le linn 2014, rinne an Rannóg um Shoilsiú Poiblí bainistiú ar chothabháil breis is 30,000 solas ar fud Fhine Gall.

**Sábháilteacht ar Bhóithre**
Déanann an Roinn Oibríochtaí bainistiú ar an tSeirbhís Maoir Scoile. In 2014 bhí 123 mhaor fostaithe ag an gComhairle. Tá bainistiú agus cothú na Seirbhíse Maoir Scoile ina ghné thábhachtach den Chlár um Shábháilteacht ar Bhóithre agus cuireadh i bhfeidhm an Clár sin in 2014 ar na bealaí seo a leanas:

- Oiliúint, maoirseacht agus riarachán a chur ar fáil do Mhaoir Fhásta Scoile
- Oiliúint agus maoirseacht ar dhaltaí atá i mbun na seirbhíse de mhaoir shóisearacha
- Cothabháil na marcálacha péinteáilte ag trasrianta scoile
- Cigireacht agus cothabháil ar throscán agus comharthaíocht sráide ag trasrianta scoile
- A chinntiú go bhfuil gach tranrian ag comhlíonadh na gceanglas reachtúil agus an cleachtas is fearr

Leanadh ag tacú le Sábháilteacht ar Bhóithre sa Chontae in 2014 ar na bealaí seo:
- Ábhar eolais/feachtais, bileoga eolais, bandaí láimhe, rialóirí agus pinn luaidhe a chur ar fáil le teachtaireachtaí sábháilteachta
- Cúrsa oiliúna do rothaithe
- Cainteanna oideachasúla i scoileanna
- Cúrsa oiliúna do mhaoir shóisearacha scoile
- Seachtain um Shábháilteacht ar Bhóithre, Lá Siúl ar Scoil
- Taispeántas Sábháilteachta ar Bhóithre sa Teach Ósta Crowne Plaza do mhic léinn na hidirbhliana
- Cur chun cinn a dhéanamh ar bhealaí sábháilte chun na scoile
- Maidineacha Bike for your Breakfast i scoileanna
- Imeachtaí rothaíochta le linn na Seachtaine Rothaíochta

## RIARACHÁN
Freastalaíonn an Rannán Riaracháin ar Chruinnithe Coiste Limistéir do Bhinn Éadair/Mullach Íde, Caisleán Cnucha/Mullach Eadrad agus Baile Brigín/Sord ar bhonn míosúil.

## COMHSHAOL

**Tránna & Uisce Snámha**
Tá 48 gcilimédar de chósta i bhFine Gall. Tá 10 dtrá ainmnithe ann atá ina gconláistí luachmhara don Chontae, ag na háiteanna seo a leanas:

- Baile Brigín, na Sceirí Theas, Loch Sionnaigh, An Ros Theas, Port Reachrann, Domhnach Bat, Mullach Íde, Port Mearnóg, Cill Fhionntain (Bóthar an Choinicéir) agus Claremont, Binn Éadair.

Bhí 35 gharda tarrthála fostaithe ag 10 dtrá ó mhí an Mheithimh go deireadh mhí Lúnasa 2014. Chomh maith le tránna a ghlanadh agus obair chothabhála eile rinneadh monatóireacht ar shamplaí sáile chun a chinntiú go raibh siad ag teacht leis an ceanglais maidir le Cáilíocht Uisce Snámha.

## CUANTA

Déanann an Roinn Oibríochtaí bainistiú agus cothabháil ar roinnt cuanta agus céanna sa Chontae ag Baile Brigín, na Sceirí, an Ros, Loch Sionnaigh agus fánán Mhullach Íde.

## REILIGÍ

Tá 36 Reilig faoi chúram Chomhairle Contae Fhine Gall.

**Saoráidí Poiblí**
Cothabháil ar 14 shaoráid phoiblí – 7 ar oscailt an bhliain ar fad agus 7 ar oscailt i rith an tsamhraidh.

## PÁIRCEANNA

Tá an Roinn Oibríochtaí freagrach as pleanáil, bainistiú agus cothabháil a dhéanamh ar isteach is amach le 5000 acra (2000 Ha.) de spás poiblí lena n-áirítear páirceanna Réigiúnacha agus comharsanachta i bhFine Gall. Déanann an Roinn bainistiú freisin ar raon saoráidí spóirt ar fud an Chontae agus cuireann deiseanna fairsinge áineasa agus fóillíochta ar fáil d'áitritheoirí agus cuairteoirí Fhine Gall:

- 900 ceapach talún ar shuíomhana i mBaile Bhlainséir, Domhnach Bat, na Sceirí agus Baile Brigín.
- 39 gclós súgartha in áiteanna éagsúla ar fud Fhine Gall. Críochnaíodh dhá chlós súgartha ag Thornleigh agus Mainéar Shoird in 2014.
- Rinneadh cothabháil ar 168 bpáirc imeartha do spóirt foirne éagsúla lena n-áirítear Iománaíocht, Camógaíocht, Haca, Peil Ghaelach, Sacar, Rugbaí agus Peil Mheiriceánach.
- Tá Saoráidí Seomra Gléasta ar fáil i nDiméin Mhullach Íde, Páirc Réigiúnach San Caitríona, Páirc na Mílaoise, Baile Dúill, Coill an Droma, Sord.
- Tá 8 saoráid uile-aimsire le fáil i mBaile Brigín, na Sceirí, Gleann na hAbhann, Baile Anraí, Páirc Bhaile an Hartaigh, Mullach Eadra, an Chorr Dhubh agus Mullach Íde.

- Tá tailte cruicéid ar fáil i nDiméin Mhullach Íde, Páirc an Bhaile, Baile Brigín, Baile an Phóirtéaraigh agus Béal Átha Liag.
- Tá raon lúthchleasaíochta le fáil i bPáirc Bhaile an Phóitéaraigh.
- Tá 12 Limistéar Ilúsáide Cluichí (MUGA) ar fáil ar fud an Chontae. Is saoráidí beaga le taobhanna iad seo le haghaidh sacair agus cispheile. Cuireadh MUGA nua i gcrích i Sord in 2014.
- Tá 2 pháirc scátála suite i mBaile Anraí, Sord agus i bPáirc na Mílaoise, Baile Bhlainséir.
- Tá cúirteanna leadóige le fáil i Mullach Íde, an Tobar Naofa, Sord, Baile an Ridire, na Sceirí, Lusca, Coill na hAbhann agus Baile an Chairpintéaraigh.
- Tá Plásóg Babhlála, arna riar ag Club Babhlála na Sceirí, i bhfeidhm i bPáirc an Bhaile, sna Sceirí.
- Tá 2 ghalfchúrsa ann, Corballis, Domhnach Bat agus Elmgreen, Baile Átha Cliat 15, agus Cúrsa Gailf Dhá Mhaide i nDiméin Mhullach Íde.
- Tá trealamh gleacaíochta do dhaoine fásta ar fáil i 5 áit – Diméin Mhullach Íde, Páirc Réigiúnach San Caitríona, Páirc na Mílaoise, Baile Átha Cliath 15, Páirc na Feá, Baile Átha Cliath 15 agus Páirc Chionn Iúir, an Ros. Cuireadh trealamh gleacaíochta do dhaoine fásta ar fáil i 5 áit eile – Sord, Baile Brigín, na Sceirí, Lusca agus Baile an Hartaigh in 2014.

Chomh maith leis sin, bhí an Roinn Oibríochtaí i mbun na ngníomhaíochtaí seo a leanas:

- Seachtain Náisiúnta na gCrann agus eagraíodh imeachtaí Náisiúnta Sheachtain na gCrann i mí Márta agus lean na scoileanna áitiúla agus Comhairle Crann na hÉireann ag comhoibriú.
- Cuireadh i gcrích an clár bliantúil de chur crann agus tor, de chóriú limistéir nuachurtha, de chur bleibeanna agus de chur crann ar shráideanna.
- Cuireadh pointí fágtha oiriúnacha ar fáil áit a bhféadfaí Crainn Nollag a fhágáil le go ndéanfaí athchúrsáil orthu.

### Mór-imeachtaí

Chuidigh an Roinn Oibríochtaí le reáchtáil raon leathan imeachtaí le linn 2014 lena n-áirítear:

- Giro D'Italia
- Siúlóid Bhliantúil Pieta
- Wonderfest
- Flavours of Fingal
- Funfest i Mullach Íde
- RAS sna Sceirí agus Cross in Ward Glean na hAbhann, Sord.
- Lúthchleasaíocht i mBaile Anraí, Sord.

## Staitisticí Tábhachtacha

**Fad Bóthair de réir catagóire:**
I bhFine Gall tá 65km de Bhóithre Náisiúnta lena n-áirítear Mótarbhealaí, 264km de Bhóithre Réigiúnacha agus 1011km de Bhóithre Áitiúla.

## Táscairí Seirbhíse

Líon na gciliméadar de bhóithre áitiúla agus réigiúnacha a feabhsaíodh agus a cothaíodh faoin gClár athchóireála in aghaidh na bliana 29.6km

Líon na gciliméadar de bhóithre áitiúla agus réigiúnacha a tógadh faoi dheontais shonracha feabhsúcháin in aghaidh na bliana 0km

## Déileáladh freisin leo seo:

| | 2014 | 2013 | 2012 |
|---|---|---|---|
| Cead Slí/ Cumarsáid Oscailt Bóithre Iarratas ar Cheadúnais | 418 | 439 | 385 |
| Dúnadh Sealadh Bóithre | 39 | 19 | 36 |
| Iarratais do Dheimhnithe Tógáil i gCúram | 717 | 532 | 413 |
| Ceadúnas d'Ualach Neamhghnách | 380 | 350 | 313 |

# An Roinn Pleanála & Bonneagair Straitéisigh

## IARRATAIS PHLEANÁLA

Fuarthas 1105 iarratas ar chead pleanála (agus 122 díobhsan a dearbhaíodh a bheith neamhbhailí), lena n-áirítear aighneachtaí ar eolas breise agus síneadh ar fhad na n-iarratas. D'ardaigh líon na n-iarratas bailí faoi 20% i gcomparáid le 2013. Chomh maith leis sin, dhéileáil an Roinn le comhairliúcháin phleanála agus le hiarratasóirí ionchasacha (agus/nó a ngníomhairí) agus d'fhreagair achomhairc ón mBord Pleanála de réir mar ba ghá. Cuireann an Roinn seirbhís chomhtháite réamhphleanála ar fáil le foireann ildisciplíneach d'oifigigh atá ar fáil de réir mar is gá.

## BONNEAGAR STRAITÉISEACH

Le linn na bliana, taisceadh Iarratas amháin ar Fhorbairt Bonneagair Straitéisigh (SID) leis an mBord Pleanála le haghaidh Ospidéal Nua Fóiréinseach Meabhairshláinte, Port Reachrann, Co. Átha Cliath. Ní raibh aon chinneadh déanta faoi dheireadh na bliana.
Ghlac an Bord Pleanála cinneadh le linn 2014 iarratas SID a cheadú, a taisceadh in 2013 do leanúnachas úsáide ar charrchlós fadtéarmach ar a dtugtar "Eastlands" ag Steach Comhaill, Clochrán, Tobar Buinne agus Baile an Dairdisigh, Aerfort Bhaile Átha Cliath, Co. Átha Cliath.

## BANNAÍ & RANNÍOCAÍOCHTAÍ

Bailíodh suim de €14.6 milliún faoi Scéimeanna Ranníocaíochtaí Alt 48 na Comhairle in 2014. Déantar íocaíochtaí agus comhaontuithe céimnithe íocaíochta a aontú ar bhonn leanúnach agus déantar monatóireacht agus athbhreithniú orthu. I gcás go bhfuil gá leis, tionscnaítear imeachtaí dlí chun tobhaigh atá fós le híoc a aisghabháil agus tionscnaíodh 18 díobhsan in 2014 agus bhí suim de €700,000 i gceist leis sin.

Fuarthas breithiúnais ó na cúirteanna i 7 gcás agus b'ionann a luach agus €119,334.

## RIALÚ FOIRGNÍOCHTA

Fuarthas 176 iarratas ar Theastais Sábháilteachta Dóiteáin le linn 2014 lena n-áirítear **119** Gnáth-theastais Sábháilteachta Dóiteáin, **31** Theastas Sábháilteachta Dóiteáin agus 7 bhFógra Lae**, 15** Theastas Leasaithe Sábháilteachta Dóiteáin agus **11** Theastas do Thabhairt chun Rialtachta.
Fuarthas 132 iarratas ar Theastais do Rochtain Míchumais freisin.

San iomlán cuireadh 487 bhFógra Bhailí Thosach Feidhme isteach agus faomhadh Scéimeanna Ainmniúcháin/Uimhriúcháin i ndáil le 30 Scéim/Tionscadal.

## PLEAN FORBARTHA CONTAE 2017-2023

Tá Ullmhú Phlean Forbartha Fhine Gall ar cheann de na feidhmeanna is tábhachtaí ag an gComhairle Contae. An Plean reatha, a ghlacadh i mí Aibreáin 2011, tá sé i bhfeidhm le beagnach ceithre bliana anois. I mí Márta 2015 cuirfear tús leis an bpróiseas athbhreithniúcháin i ndáil le hullmhú Phlean Forbartha 2017-2023. Tá bileog eolais á ullmhú agus scaipfear é ar gach teach sa Chontae, agus muid ag iarraidh ar na saoránaigh páirt a ghlacadh i múnlú an chontae thar thréimhse an chéad phlean eile. Chaitheamar roinnt mhaith de 2014 ag gabhail don obair ullmhúcháin a bhaineann leis an bpróiseas athbhreithniúcháin, agus rinne an roinn coimisiúnú ar shainchomhairleoirí chun cuidiú linn i réimsí tábhachtacha amhail SEA/AA, TF, Cumarsáid, Athrú Aeráide, etc.. Cuirfidh an Príomhfheidhmeannach dréachtphlean ar fáil i mí na Nollag 2015 agus déanfar é a phlé leis na Baill Thofa sa tréimhse Eanáir – Feabhra 2016 sula gcuirfear é ar taispeáint go poiblí i mí Feabhra 2016.

## PLEANÁIL CHUN CINN

Tugadh faoi obair shuntasach le linn 2014 chun cuspóirí lárnacha Phlean 2011-2017 a chur i gcrích agus a chur i bhfeidhm. Tá an t-údarás pleanála tar éis sraith de Phleananna Limistéir Áitiúil agus pleananna neamhreachtúla, staidéir agus straitéisí a sholáthar go dtí seo de réir mar atá sonraithe thíos, ag cur chun cinn polasaithe agus ag cur i bhfeidhm ár líonra de Bhonneagar Glas (lena n-áirítear ullmhú na Straitéise um Spás Oscailte, cur chun cinn ar líonra coisithe agus rothar Fhine Gall, etc.), agus rinneadh dul chun cinn suntasach ar athbhreithniú ar Thaifead an Chontae ar Struchtúir faoi Chosaint.  Tá sé beartaithe go mbeidh dréacht de na pleananna sin i gcrích agus ar fáil le cur ar taispeáint phoiblí go luath sa bhliain 2015:

- Plean Limistéir Áitiúil Dhomhnach Bat
- Plean Limistéir Áitiúil Chionn Sáile (RV)
- Tá athbhreithniú agus leasú idir lámha ar Hansfield SDZ freisin.
- Déanfar athbhreithniú ar Phlean Limistéir Áitiúil Aerfort Bhaile Átha Cliath le linn 2015.

D'oibrigh an Roinn Pleanála, mar chuid de *Construction 2020 Dublin Housing Supply and Co-ordination Task Forc*e, i gcomhar le NTA, NAMA, DOECLG, Údarás Réigiúnach Bhaile Átha Cliath, Irish Water agus Údaráis Phleanála eile Bhaile Átha Cliath chun freagairt do na riachtanais ghearrthéarmacha tithíochta. Chomh maith leis sin, ghlac an Roinn páirt ghníomhach i mbailiú sonraí, agus anailís agus forbairt ar straitéis chun tailte iomchuí tithíochta a aithint ar féidir iad a úsáid chun freastal ar na riachtanais ghearrthéarmacha agus bhonneagair.

## ATHRUITHE, STAIDÉIR AGUS CODA VIIIS

Tá roinnt athruithe glactha in 2014 ar an bPlean Forbartha:

- St Ita's, Port Reachrann,
- Baile an Tirialaigh, D15
- Ballycoolin, D15
- Baile Shéarlais
- Naomh Fiontain, Sord

Baineann na hathruithe seo (ar glacadh leo agus/nó a moladh) go príomha leis an rún ag an údarás pleanála freagairt go héifeachtach do riachtanais shocheacnamaíochta agus pobail an limistéir, go háirithe i gcás go bhfuil an deis ann feabhas a chur ar fhostaíocht agus/nó ar sheirbhísí sa Chontae.

In 2014 leanadh le Máistirphlean Aerfort Bhaile Átha Cliath, a ndearnadh obair ullmhúcháin air le linn 2013, agus cuirfear an obair seo i gcrích go luath in 2015 agus déantar athbhreithniú ar an bPlean Limistéir Áitiúil don aerfort ina dhiaidh sin.

Cuireadh tús leis an athbhreithniú ar an Taifead de Struchtúir faoi Chosaint in 2014, agus cuirfear Breiseanna agus Míreanna le Scrios ar fáil don Taifead go luath in 2015 le gur féidir iad a phlé sa chomhairliúchán.

Cuireadh chun cinn tionscadail le linn 2014 lena n-áirítear Comhairliúchán faoin bhFearann Poiblí i mBinn Éadair, Bealach Glan na Canálach Ríoga, Bealach an Mhóinéir Leathain, Raon Rothar Bhaile Bhlainséir go Páirc an Fhionnuisce, Raon Rothar Chill Fhionntain go Sord, etc.

## COMHLACHTAÍ SEACHTRACHA

Le linn na bliana bhí ionadaíocht ag an gComhairle, ón Roinn Pleanála, ar chomhlachtaí lasmuigh den Chomhairle:

- Airport Regions Conference (ARC), a chuimsíonn údaráis áitiúla an Aontais Eorpaigh agus na Stáit atá le Teacht isteach san Eoraip a bhfuil móraerfhoirt acu ina limistéir. Is é an Comhairleoir Ciaran Byrne a bhí ina ionadaí don Chomhairle agus faoi láthair is í an Comhairleoir Anne Devitt atá ina hionadaí faoi láthair, a bhí i bhfeighil ARC le naoi mbliana anuas.
- QLAIR – Quality of Life in Airport Regions
- Coiste Idirchaidrimh Scoile - Roinn Oideachais agus Scileanna
- Fóram Forbartha Imill Thuaidh– Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus Comhairle Contae Fhine Gall.
- Grúpa Oibre Beartais agus Cleachtais Seandálaíochta arna bhunú ag an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil.

- Grúpa Oibre na Comhairle Oidhreachta.
- Ionad Sonraí Bithéagsúlachta Náisiúnta
- Grúpa Oibre Teicniúil an Údaráis Réigiúnaigh
- Tascfhórsca Tithíochta & Grúpa Stiúrtha Tithíochta Bhaile Átha Cliath (Straitéis 2020)
- Bord Tionscadail don Roinn Comhshaoil "My Plan"
- Grúpa Páirtithe Leasmhara GDA an Údaráis Náisiúnta iompair.

Le linn 2014, lean an Chomhairle leis an obair lenár gcontraphháirtithe in dhá réigiún déag ar fud na hEorpa atá ag glacadh páirte i dtionscadal nua Interreg IVC, an Líonra Bonneagair Ghlais nó Green InfraNet, a thugann le chéile comhlachtaí áitiúla agus réigiúnacha ó áiteanna ar fud na hEorpa agus tá sé ag obair chun dainigiú a dhéanamh ar fhorbairt agus cur i bhfeidhm an bhonneagair ghlais ar fud na hEorpa trí thaithí a roinnt agus trí dhea-chleachtas a roinnt idir réigiúin.

## PLEANÁIL NA RANNÓIGE IOMPAIR

Déanann an Rannóg Iompair bainistiú ar oibreacha bonneagair chaipitil iompair agus glacann páirt i gcúrsaí a bhaineann le hiompar. Déanann an rannóg measúnú freisin ar na tionchair a bhíonn ag iarratais agus pleananna limistéir áitiúil.

Tá ionchur á sholáthar freisin ar bhonn leanúnach do NTA Bhaile Átha Cliath Thuaidh/Staidéar Iompair Fhine Gall. Tá ionchuar á sholáthar freisin do ghrúpaí stiúrtha le haghaidh tionscadail Bus Gasta idir Sord agus Lár na Cathrach, agus idir Baile Bhlainséir agus UCD.

Críochnaíodh an obair ar bhóthar ceangail an Tobair Naofa le linn 2014.

Fuarthas maoiniú ón Údarás Náisiúnta Iompair chun cur chun cinn a dhéanamh ar chonair Bhealach an Mhóinéir Leathain idir Mullach Íde agus Domhnach Bat.

Fuarthas an Faomhadh Alt 8 a bhfuil gá leis don Droichead ar an gCúlbhóthar, Mullach Íde.

## PLEANÁIL RANNÓIGE SEIRBHÍSÍ UISCE

Cuireann an Rannóg Seirbhísí Uisce comhairle ar fáil faoi uisce, faoi fhuíollhuisce agus faoi dhraenáil uisce dhromla i gcás na n-iarratas go léir a thaisctear, lena n-áirítear iarratais ar eolas breise. Ó bhí 1 Eanáir, 2014 ann, thosaigh an rannóg ag cur comhairle ar Irish Water, mar chomhairleoir reachtúil, i ndáil le hiarratais phleanála agus srianta ginearálta ar líonraí seirbhísí uisce. Chomh maith leis sin, chuir an rannóg comhairle ar fáil maidir le Pleananna Limistéir Áitiúil, d'fhaomh na coinníollacha géilliúlachta, rinne measúnú agus deimhniú

agus cigireacht ar chórais chóireála fuíolluisce do thithe aonair. Chuir an rannóg treoir ar fáil maidir le Bainistiú Riosca Tuilte freisin.

**Áiríodh i measc ghníomhaíochtaí 2014:**

- Cur i bhfeidhm 'The Planning System and Flood Risk Management' Treoirlínte d'Údaráis Áitiúla, Samhain 2009
- Ullmhaíodh Measúnuithe Riosca Straitéiseacha Tuillte (SFRAs) le haghaidh Lusca, Cheann Iúir/an Rois agus Bhaile Haicéid/na Sceirí.
- Cuireadh i bhfeidhm "Code of Practice for Wastewater Treatment and Disposal Systems Serving Single Dwellings" ón EPA (Deireadh Fómhair 2009).

## PLEAN OIDHREACHTA FHINE GALL

Is éard atá sa Phlean Oidhreachta plean gníomhaíochtaí cúig bliana a dhéileálann lenár n-oidhreacht – fiadhúlra, cósta agus taobh tíre, ár n-oidhreacht ailtireachta, ár seandálaíocht, ár stair áitiúil agus ár gcultúr.

Ghlac an Comhairle leis an dara Plean Oidhreachta d'Fhine Gall i mí Aibreáin 2012. Sa Phlean sin tá 49 mbearta ar ghá iad a chur bhfeidhm thar thréimhse 6 bliana agus iad faoi stiúir Oifigeach Oidhreachta na Comhairle. Chaith an Chomhairle tuairim is €86,000 ar thionscadail an Phlean Oidhreachta in 2014. D'áirigh sin maoiniú de €37,000 ón gComhairle Oidhreachta. Rinneadh obair ar raon leathan d thionscadail oidhreachta lena n-áirítear na tionscadail seo a leanas:

### 1. Comhairleoirí maidir le Séadchomharthaí Páirce (FMA)

Is é cuspóir leanúnach Scéim FMA Fhine Gall comhairle a chur ar úinéirí talún maidir le cúram agus bainistiú na séadchomharthaí faoina gcúram. Tá an Scéim cómhaoinithe ag an gComhairle Oidhreachta. In 2014 díreoidh an scéim ar for-rochtain do phobail, feasacht a spreagadh faoin méid a dhéanann an oidhreacht ar son na turasóireachta agus cuairteanna ar shuíomhana ina bhfuil séadchomharthaí a aimsíodh le déanaí. Aimsíodh 184 suíomh mar chuid den obair. Reáchtáladh comhdháil dar teideal *Fingal's Heritage: Supporting Communities-Supporting Tourism* i mí Dheireadh Fómhair 2014. Foilsíodh bileog eolais turasóireachta *Exploring Fingal* le cur síos gearr ar thríocha sé suíomh oidhreachta agus iad eagraithe mar chamchuairt timpeall an Chontae.

### 2. Taispeántas Lochlann Shoird 1014

Mar chuid den cheiliúradh ar 1014, reáchtáladh taispeántas ar oidhreacht Lochlannach Fhine Gall i séipéal Chaisleán Shoird ar an 26 agus 27 Aibreán. Ansin bhí an taispeántas ar siúl i Halla an Chontae, Sord, i mí Bealtaine 2014 in oifigí Cathartha i mBaile Bhlainséir i mí Bealtaine 2014.

**3. Taiscí faoi Cheilt**
Is éard atá sa tionscadal *Taiscí faoi Cheilt* ná iarracht obair le scoileanna áitiúla agus grúpa óige i mBaile Átha Cliath 15 chun amharc ar oidhreacht an limistéir ag breis is 90 suíomh seandálaíochta. Na scoileanna agus grúpaí óige a ghlac páirt rinne siad tionscadal ar shéadchomhartha ina gceantar féin. Bhuaigh St. Philip's National School, Radharc an Chnocáin an chéad duais dá dtionscadal mar gheall ar Sir Thomas Luttrell  Caisleán Bhaile Liotrail. Bhí an tionscadal faoi bhainistiú ag comhpháirtíocht idir Safer Blanchardstown, Rannán Pobail Chomhairle Contae Fhine Gall, Leabharlanna Fhine Gall, Oifig Oidhreachta Chomhairle Contae Fhine Gall, Ard-Mhúsaem na hÉireann agus an Chomhairle Oidhreachta.

**4. Seachtain Oidhreachta**
Tacaíonn an Chomhairle le raon leathan imeachtaí le linn na Seachtaine Oidhreachta, trí imeachtaí a phoibliú sa Chontae ar shuíomh gréasáin an Comhairle agus trí chuntas Twitter Oidhreachta Fhine Gall @fingalheritage. Reáchtáladh 58 n-imeacht i bhFine Gall le linn Sheachtain Oidhreachta Fhine Gall 2014.

**5. Tionscadal GIS Seandálaíochta Bhaile Átha Cliath**
Tá an tionscadal seo á riar ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath thar ceann cheithre údarás Bhaile Átha Cliath le maoiniú ón gComhairle Ealaíon agus ón Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta. In 2014, rinneadh mapáil dhigiteach ar 1100 tuarascáil faoi ghníomhaíocht cheadúnaithe seandálaíochta suas go dtí an bhliain 2007 do Chontae Átha Cliath. Chomh maith leis sin, rinneadh scanadh, athbhreithniú agus geothagairt ar bhreis is 1200 comhad topagrafaíochta de chuid Ard-Mhúsaem na hÉireann. Leanfar leis an obair ar an tionscadal seo in 2015 ionas go n-áireofar gach taifead go dtí deireadh 2013.

**6.  Suirbhé Oidhreacht Thionsclaíoch Fhine Gall**
Chuathas i mbun an chéad chéim den Suirbhé ar Oidhreacht Thionsclaíoch Fhine Gall in 2010 mar ar ainmníodh 1159 suíomh d'oidhreacht thionsclaíodh i bhFine Gall. Is éard a bhí i gceist do dhara céim a tionscadail seo in 2014 ná suirbhé a dhéanamh ar chuid de na suíomhanna sa chontae agus suirbhé páirce a dhéanamh orthu. Baineadh leas as mapáil ón aer chun na suíomhanna sin a aithint don suirbhé deisce. Rinneadh suirbhé ar 253 suíomh, iad go léir suite soir ó mhótarbhealach an M1.

**7.   Plean Caomhantais Chaisleán Shoird**
Foilsíodh Plean Caomhantais Chaisleán Shoird agus sheol an Méara é i mí Mheán Fómhair 2014. Leagtar amach sa Phlean Caomhantais beartais agus tosaíochtaí Chomhairle Contae Fhine Gall ó thaobh airde a thabhairt don chaisleán mar shéadchomhartha náisiúnta agus é a fhorbairt mar chonláiste agus phobal agus chuairteoirí Fhine Gall.

**8.   BioBlitz Bhinn Éadair 2014**
Bhí Binn Éadair ar cheann de cheithre shuíomh a roghnaigh Ionad Náisiúnta Sonraí Bithéagsúlachta na hÉireann chun BioBlitz 2014 a óstáil agus reáchtáladh an ócáid sin an

23 agus 24 Bealtaine. Tháinig eolaithe le chéile ag an imeacht náisiúnta seo chun suirbhé agus taifeadadh a dhéanamh ar bhithéagsúlacht shaibhir Cheann Bhinn Éadair agus Inis Mac Neasáin agus iad in iomaíocht le heolaithe eile ar fud na hÉireann ag trí shuíomh eile. Thar an ócáid dhá lá taifeadadh 706 speiceas plandaí agus ainmhithe i mBinn Éadair. Mar chud de Bioblitz 2014 d'eagraigh an Chomhairle sraithe d'imeachtaí saor in aisce chun amharc ar bhithéagsúlacht shaibhair an limistéir.

## TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA

| **Táscairí Feidhmíochta** | **2014** | **2013** | **2012** | **2011** | **2010** |
|---|---|---|---|---|---|
| Iarratais Nua Cláraithe | 1105 (122 neamhbhailí ) | 947 (114 neamhbhailí ) | 897 (74 neamhbhailí ) | 958 (102 neamhbhailí ) | 1192 (162 neamhbhailí ) |
| Líonn na nIarratas ar Glacadh Cinneadh ina Leith | 914 | 766 | 849 | 905 | 1103 |
| % de Dheontais | 90% | 90% | 89% | 88% | 83% |
| % a Diúltaíodh | 10% | 10% | 11% | 12% | 17% |
| % Cinnte laistigh de 2 mhí | 72% | 73% | 73% | 67% | 70% |
| Líon na nIarratas A a Fuarthas | 693 (72 neamhbhailí ) | 644 (86 neamhbhailí ) | 567 (56 neamhbhailí ) | 605 (72 neamhbhailí ) | 747 (118 neamhbhailí ) |
| Líon na nIarratas B a Fuarthas | 412 (50 neamhbhailí) | 303 (28 neamhbhailí ) | 330 (18 neamhbhailí ) | 353 (30 neamhbhailí ) | 445 (44 neamhbhailí ) |

# Aguisín 1

| Ainm na Comhdhála | Ionad | Dáta | Comhairleoirí a d'fhreastail | Taisteal & Cothabháil & Speansais | Táille Chomhdhála | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Ace Training '2014 European Elections Information Seminar' | Four Seasons Hotel, Carlingford, Co Lú | 3 & 4 Eanáir 2014 | T. O'Leary | €282.34 | €100.00 | €382.34 |
| LAMA Spring Seminar | Four Seasons Hotel, Muineachán | 31 Eanáir go dtí 1 Feabhra 2014 | C. Byrne | €243.91 | €150.00 | €393.91 |
| | | | G. McGuire | €266.91 | €150.00 | €416.91 |
| | | | J. Maher | €280.24 | €150.00 | €430.24 |
| | | | M. Murray | €287.87 | €150.00 | €437.87 |
| Celtic Conferences 'Changes to Construction Tendering for Local Authorities' | Celtic Ross Hotel, Ros Cairbre | 31 Eanáir go dtí 2 Feabhra 2014 | T. Kelleher | €622.28 | €100.00 | €722.28 |
| Economic Impact of Airports (ARC) | Madrid | 11 go 14 Feabhra 2014 | C. Byrne | € 311.98 | €0.00 | €311.98 |
| AMAI Spring Seminar | Great Northern Hotel, Bundoran, Co. Dhún na nGall | 14 & 15 Feabhra 2014 | G. McGuire | €401.54 | €200.00 | €601.54 |
| Ace Training 'Local Government Law Update: 2014' | Four Seasons Hotel, Carlingford, Co. Lú | 21 go dtí 23 Feabhra 2014 | T. O'Leary | €282.47 | €100.00 | €382.47 |
| | | | A. Devitt | €326.86 | €100.00 | €426.86 |
| Ace Training 'A Guide to EU Education Programmes' | Four Seasons Hotel, Carlingford, Co. Lú | 28 Feabhra go dtí 2 Márta 2014 | A. Devitt | €326.86 | €100.00 | €426.86 |
| | | | K. Dennison | €277.30 | €100.00 | €377.30 |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Ace Training 'Dignity at Work A guide to Bullying & Harassment in the Workplace' | Four Seasons Hotel, Carlingford, Co. Lú | 7 go 9 Márta 2014 | T. O'Leary | €282.34 | €100.00 | €382.34 |
| ACCA Annual Conference 2014 | Slieve Russell Hotel, Cabhán | 6 & 7 Márta 2014 | C. Byrne | €201.48 | €130.00 | €331.48 |
| | | | J. Maher | €292.14 | €130.00 | €422.14 |
| | | | G. McGuire | | €130.00 | €130.00 |
| | | | E. Loftus | €259.43 | €130.00 | €389.43 |
| | | | M. O Donovan | | €130.00 | €130.00 |
| | | | A. Devitt | €264.98 | €130.00 | €394.98 |
| | | | T. Kelleher | €274.71 | €130.00 | €404.71 |
| NFLA All Ireland Forum | Iúir Cinn Trá | 11 Aibreán 2014 | C. Byrne | € 119.10 | €0.00 | €119.10 |
| MABS and the Insolvency Service of Ireland | Celtic Ross Hotel, Ros Cairbre | 11 go 13 Aibreán 2014 | T Kelleher | | €100.00 | €100.00 |
| Service Provision in Local Authorities | Old Connacht Hotel, Cathair na Gailimhe | 2 go 3 Bealtaine 2014 | A. Devitt | €373.02 | €150.00 | €523.02 |
| | | | K. Dennison | €347.22 | €150.00 | €497.22 |
| Retirement Entitlements & Taxation Benefits for Councillors | Four Seasons Hotel, Carlingford, Co. Lú | 2 go 4 Bealtaine 2014 | D. O Connor | €251.49 | €100.00 | €351.49 |
| Local Government Arts Service | Great Northern Hotel, Bundoran, Co Dhún na nGall | 30 go 31 Bealtaine 2014 | K. Dennison | €363.31 | €120.00 | €483.31 |
| | | | A. Devitt | €384.78 | €120.00 | €504.78 |
| Environment Ireland 2014 | Croke Park, Baile Átha Cliath | 11 Meán Fómhair 2014 | B. McDonagh | €0.00 | €301.35 | €301.35 |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| ARC Getting d'Air | An Bhruiséil | 13 go 15 Deireadh Fómhair 2014 | A. Devitt | € 1,007.37 | €0.00 | €1,007.37 |
| LAMA Autumn Training Seminar | Inishowen Gateway Hotel, Bun Chrannacha | 17 go 18 Deireadh Fómhair 2014 | M. Murray | | €180.00 | €180.00 |
| | | | K. Dennison | €508.82 | €180.00 | €688.82 |
| AILG Training Seminars & Conference | AILG Housing Function Training , Cabhán | 21 Deireadh Fómhair 2014 | E. Loftus | €155.88 | | €155.88 |
| | | | A. Devitt | €152.24 | | €152.24 |
| AILG Training Seminars & Conference | AILG Housing Function Training, Áth Luain | 23 Deireadh Fómhair 2014 | K. Dennison | €179.51 | | €179.51 |
| | | | J. Guerin | | | €0.00 |
| | | | S. Kavanagh | | | €0.00 |
| | | | T. Leddy | | | €0.00 |
| | | | B. McDonagh | | | €0.00 |
| | | | P. Mulville | | | €0.00 |
| | | | L. Nolan | | | €0.00 |
| | | | K. Redmond | €202.90 | | €202.90 |
| | | | J. Newman | €179.92 | | €179.92 |
| | | | A. Devitt | | | €0.00 |
| AILG Training Seminars & Conference | AILG Annual Conference, Hotel Kilmore, Cabhán | 29 go 30 Deireadh Fómhair 2014 | K Dennison | €246.60 | €100.00 | €346.60 |
| | | | A. Devitt | | €100.00 | €100.00 |
| | | | G. Maguire | €234.62 | €100.00 | €334.62 |
| | | | T. Murphy | | €100.00 | €100.00 |
| | | | E. Loftus | €214.76 | €100.00 | €314.76 |
| | | | D. O Connor | €258.02 | €100.00 | €358.02 |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| AILG Training Seminars & Conference | AILG Training Seminar Planning, B. Átha Troim | 18 Samhain 2014 | K. Dennison | €76.97 | | €76.97 |
| | | | A. Devitt | €79.21 | | €79.21 |
| | | | J. Guerin | | | €0.00 |
| | | | E. Loftus | €78.62 | | €78.62 |
| | | | G. Maguire | €72.28 | | €72.28 |
| | | | J. Newman | €63.48 | | €63.48 |
| | | | K. Redmond | €97.88 | | €97.88 |
| AILG Training Seminars & Conference | AILG Training Seminar Budget, Mullach Íde | 18 Meán Fómhair 2014 | E. Loftus | €59.84 | | €59.84 |
| Talk Action "Engaging Communities on Energy and Climate Change" | The Macro Community Resource Centre Baile Átha Cliath 7 | 4 Nollaig 2014 | D. Healy | €4.82 | €328.00 | €332.82 |
| | | | **Iomlán** | **€11,198.30** | **€4,739.35** | **€15,937.65** |